# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 474

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

**Imleabhar 65**

**14 Nollaig 2022**

Clár

II *Faisnéis*

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Coimisiún Eorpach**

2022/C 474/01 Fógra ón gCoimisiún — Treoirlínte maidir le dúnadh na gclár oibríochtúil arna nglacadh ar mhaithe le cúnamh ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, ó Chiste Sóisialta na hEorpa, ón gCiste Comhtháthaithe agus ón gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus ó chláir um chomhar trasteorann faoin Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA II) (2014-2020) ..... 1

2022/C 474/02 Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10349 – AMAZON / MGM) ([1]) ..... 25

2022/C 474/03 Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10800 — AHLSELL / SANISTAL) ([1]) ..... 26

2022/C 474/04 Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10897 — PREDICA / VAUBAN / TELEFONICA / BLUEVIA) ([1]) ..... 27

2022/C 474/05 Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10943 — ENEL / CVC CAPITAL PARTNERS / GRIDSPERTISE) ([1]) ..... 28

2022/C 474/06 Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10955 – KIRK / LFI / ATP / FERROSAN MEDICAL DEVICES) ([1]) ..... 29

2022/C 474/07 Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10931 — OPENTEXT / MICRO FOCUS) ([1]) ..... 30

GA

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Chomhairle**


2022/C 474/08 Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tsaoirse ó phionós a chomhrac maidir le coireanna cogaidh arna ndéanamh i ndáil le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin ..... 31


**An Coimisiún Eorpach**


2022/C 474/09 Rátaí malairte an euro — 13 Nollaig 2022 ..... 37

2022/C 474/10 NUASHONRÚ BLIANTÚIL 2022 AR LUACH SAOTHAIR AGUS PINSIN OIFIGIGH AGUS SHEIRBHÍSIGH EILE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS NA COMHÉIFEACHTAÍ CEARTÚCHÁIN A CHUIRTEAR I bhFEIDHM MAIDIR LEO ..... 38

2022/C 474/11 Nuashonrú bliantúil ar na hualuithe (comhéifeachtaí ceartúcháin) is infheidhme maidir le luach saothair oifigigh, bhaill foirne shealadacha agus bhaill foirne chonarthacha an Aontais Eorpaigh ar seirbhís i dtríú tíortha ..... 44

2022/C 474/12 Nuashonrú eatramhach na n-ualuithe (comhéifeachtaí ceartúcháin) is infheidhme maidir le luach saothair oifigeach, bhaill foirne shealadacha agus bhaill foirne chonarthacha an Aontais Eorpaigh atá ag fónamh i dtríú tíortha ..... 49


**An Chúirt Iniúchóirí**


2022/C 474/13 Tuarascáil speisialta 27/2022:: “Tacaíocht AE do chomhar trasteorann le tíortha comharsanacha – Tacaíocht luachmhar, ach bhí cur chun feidhme an-mhall ag tosú agus ní foláir aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sa chomhordú” ..... 52


V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

**An Coimisiún Eorpach**


2022/C 474/14 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10903 – CIRCLE K / SCHIBSTED / ELTON MOBILITY) — Cás a d’fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ([1]) ..... 53


GNÍOMHARTHA EILE

**An Coimisiún Eorpach**


2022/C 474/15 Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ..... 55


([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

*(Faisnéis)*

# FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN COIMISIÚN EORPACH

## FÓGRA ÓN GCOIMISIÚN

## Treoirlínte maidir le dúnadh na gclár oibríochtúil arna nglacadh ar mhaithe le cúnamh ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, ó Chiste Sóisialta na hEorpa, ón gCiste Comhtháthaithe agus ón gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus ó chláir um chomhar trasteorann faoin Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA II) (2014-2020)

(2022/C 474/01)

Tagann an fógra seo ón gCoimisiún in ionad an fhógra ón gCoimisiún a foilsíodh roimhe seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* C 417 an 14 Deireadh Fómhair 2021.

Agus an tábhacht á cur san áireamh a bhaineann le dúnadh tráthúil agus éifeachtúil na gclár oibríochtúil arna bhfaomhadh chun cúnamh a fháil ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (lena n-áirítear na cláir um chomhar faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh), ó Chiste Sóisialta na hEorpa, ón gCiste Comhtháthaithe agus ón gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh don chlárthréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020, lena n-áirítear na cláir sin a bhain tairbhe as acmhainní REACT-EU, is gá treoir chuí a thabhairt maidir leis na cláir sin a chríochnú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) agus na gníomhartha dlíthiúla a bhfuil feidhm ghinearálta leo arna nglacadh ar a bhonn.

Faoi na treoirlínte seo, cumhdaítear freisin na cláir um chomhar trasteorann faoin Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA II). Tagraíonn Rialachán Cur Chun Feidhme IPA go ginearálta don CPR nó go sonrach d'fhorálacha áirithe de. Dá bhrí sin, tá feidhm ag na treoirlínte seo freisin maidir le cláir um chomhar trasteorann IPA II, mura sonraítear a mhalairt.

I bhfianaise na taithí a fuarthas as dúnadh na gclárthréimhsí 2000-2006 agus 2007-2013, moltar sna treoirlínte nósanna imeachta simplithe arb é is aidhm leo leas a bhaint as na dea-chleachtais a sainaithníodh le linn dhúnadh na dtréimhsí roimhe sin.

Cuirtear san áireamh sna treoirlínte géarchéim COVID-19 a tharla gan fasach in 2020 agus 2021 agus an fogha míleata a thug Poblacht na Rúise faoin Úcráin an 24 Feabhra 2022 chomh maith leis an tionchar a bhaineann leis sin ar chur chun feidhme clár.

Is é an cuspóir leis na treoirlínte an próiseas um dhúnadh a éascú tríd an gcreat modheolaíoch a sholáthar faoinar cheart an cleachtadh um dhúnadh a dhéanamh ar mhaithe le socrú airgeadais ghealltanais bhuiséadacha gan íoc an Aontais trí aon iarmhéid deiridh a íoc leis an mBallstát i ndáil le clár agus/nó saoradh nó aisghabháil na suimeanna a d'íoc an Coimisiún go míchuí leis an mBallstát.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320 ("CPR").

Leis an gcóras maidir le scrúdú bliantúil ar chuntais agus glacadh cuntas, tugadh isteach simpliú suntasach ar an nós imeachta maidir le dúnadh. Níor cheart go mbeadh dúnadh críochnaitheach an chláir bunaithe dá bhrí sin ach ar na doiciméid a bhaineann leis an mbliain chuntasaíochta deiridh agus ar an tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme nó ar an tuarascáil bhliantúil dheireanach ar chur chun feidhme.

**SÉANADH:**

*Is doiciméad oibre é seo a d'ullmhaigh seirbhísí an Choimisiúin. Ar bhonn dhlí an Aontais is infheidhme, soláthraítear leis treoir theicniúil do chomhghleacaithe agus do chomhlachtaí a bhfuil baint acu le dúnadh Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Chiste Sóisialta na hEorpa, an Chiste Chomhtháthaithe, agus an Chiste Eorpaigh Muirí agus Iascaigh. Tá an treoir seo gan dochar do léirmhíniú na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta.*

**Clár na nÁbhar**


1. PRIONSABAIL GHINEARÁLTA .... 4

2. DEIS LE hAGHAIDH DÚNADH LUATH .... 4

3. ULLMHÚ DON DÚNADH .... 5

3.1. Cláir a leasú .... 5

3.2. Tograí móra a chur isteach/a fhógairt agus a leasú .... 5

4. BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS .... 6

4.1. Saoradh .... 6

4.2. Réiteach an réamh-mhaoinithe tosaigh agus bhliantúil .... 6

4.3. An t-iarmhéid deiridh a ríomh .... 6

4.4. Caiteachas iomarcach .... 7

5. TÁSCAIRÍ AGUS CREAT FEIDHMÍOCHTA TRÁTH AN DÚNTA .... 8

5.1. Luachanna gnóthaithe táscairí aschuir a thuairisciú .... 9

5.2. Na himpleachtaí a bhaineann leis an gcreata feidhmíochta maidir le dúnadh .... 9

6. CÉIMNIÚ OIBRÍOCHTAÍ ÁIRITHE THAR DHÁ CHLÁRTHRÉIMHSE .... 10

7. OIBRÍOCHTAÍ NEAMHFHEIDHMIÚLA .... 12

8. OIBRÍOCHTAÍ A BHFUIL TIONCHAR AG IMSCRÚDUITHE NÁISIÚNTA LEANÚNACHA ORTHU NÓ ATÁ CURTHA AR FIONRAÍ LE hIMEACHT DLÍTHIÚIL NÓ LE hACHOMHARC RIARACHÁIN A BHFUIL ÉIFEACHT FIONRAÍOCHTA LEIS .... 13

9. CAITEACHAS A BHFUIL TIONCHAR AG IMSCRÚDUITHE LEANÚNACHA OLAF, TUARASCÁLACHA OLAF NÓ INIÚCHTAÍ AN CHOIMISIÚIN NÓ CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA AIR .... 14

10. NEAMHRIALTACHTAÍ .... 14

10.1. Láimhseáil neamhrialtachtaí sa bhliain chuntasaíochta deiridh .... 14

10.2. Méideanna atá le gnóthú agus méideanna do-inghnóthaithe .... 14

10.3. An baol go ndéanfaidh údaráis an chláir deimhnithe breise ar chaiteachas a dearbhaíodh cheana féin don Choimisiún mar thoradh ar neamhrialtachtaí .... 15

10.4. Méideanna a gnóthaíodh i ndiaidh an dúnta .... 15

11. DOICIMÉID UM DHÚNADH A CHUR ISTEACH ..... 16
11.1. Spriocdháta chun doiciméid um dhúnadh a chur isteach ..... 16
11.2. Mionathrú ar na doiciméid um dhúnadh i ndiaidh an spriocdháta lena gcur isteach ..... 16
11.3. Infhaighteacht doiciméad ..... 16
12. ÁBHAR NA nDOICIMÉAD UM DHÚNADH ..... 17
12.1. Tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme ..... 17
12.1.1. Mórthionscadail a thuairisciú ..... 18
12.1.2. Glacadh agus spriocdhátaí ..... 18
12.2. Cuntais ..... 18
12.2.1. Scrúdú agus glacadh ..... 18
12.3. Dearbhú bainistíochta agus achoimre bhliantúil ..... 19
12.4. Tuairim iniúchóireachta agus tuarascáil ar rialú ..... 19
12.4.1. Ionstraimí airgeadais ..... 19
12.4.2. Iontaofacht sonraí ..... 20
12.4.3. Caiteachas poiblí a íoctar le tairbhithe ..... 20
13. ÍOCAÍOCHT AN IARMHÉID DEIRIDH ..... 20
14. SAINCHEISTEANNA DLÍTHIÚLACHTA AGUS RIALTACHTA ..... 20
IARSCRÍBHINN I ..... 21
IARSCRÍBHINN II ..... 22
IARSCRÍBHINN III ..... 23
IARSCRÍBHINN IV ..... 24

## 1. PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

Maidir le cláir oibríochtúla faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa ("CFRE") ([2]) (lena n-áirítear na cláir um chomhar faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh) ([3]), faoi Chiste Sóisialta na hEorpa ("CSE") ([4]) faoin gCiste Comhtháthaithe ([5]) (dá ngairfear "na Cistí" anseo feasta) agus faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh ("CEMI") ([6]) arna gcur chun feidhme i gcomhréir le CPR do chlárthréimhse 2014-2020 ([7]), chomh maith le cláir um chomhar trasteorann faoi Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA II) bunaithe ar Rialachán (AE) Uimh. 231/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]) agus arna gcur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 447/2014 ([9]) IPA II ón gCoimisiún, dúnfar iad i gcomhréir leis na treoirlínte reatha.

Is éard atá i gceist le dúnadh na gclár sin ná socrú airgeadais ghealltanais bhuiséadacha gan íoc an Aontais trí aon iarmhéid deiridh a íoc leis an mBallstát ([10]) ([11]) i ndáil le clár agus/nó na suimeanna a d'íoc an Coimisiún go míchuí leis an mBallstát a shaoradh nó a ghnóthú. Tá dúnadh na gclár gan dochar do chumhacht an Choimisiúin ceartuithe airgeadais a fhorchur faoi fhorálacha ábhartha CPR.

## 2. DEIS LE hAGHAIDH DÚNADH LUATH

Féadfaidh na Ballstáit dúnadh luath a iarraidh ar an gcoinníoll go mbeidh na gníomhaíochtaí go léir a bhaineann le cur chun feidhme an chláir curtha i gcrích acu. Chun na críche sin, ba cheart bliain chuntasaíochta níos luaithe ná an bhliain a mhairfidh ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024 a mheas mar bhliain chuntasaíochta deiridh

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir le forálacha sonracha a bhaineann le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006, IO L 347, 20.12.2013, lch. 289.

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1299/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le forálacha sonracha i dtaca le tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa do sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (IO L 347, 20.12.2013, lch. 259).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 470).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1300/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gCiste Comhtháthaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1084/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 281).

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2328/2003 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 861/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1198/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 791/2007 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1255/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 149, 20.5.2014, lch. 1).

([7]) I gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 92b(8) den CPR, arna leasú le Rialachán (AE) 2020/2221 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní breise agus le socruithe cur chun feidhme chun cúnamh a sholáthar chun deisiú géarchéimeanna a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus chun téarnamh glas, digiteach agus athléimneach an gheilleagair (REACT-EU) a ullmhú (IO L 437, 28.12.2020, lch. 30), cumhdófar sna cláir a leithdháilfidh na Ballstáit acmhainní REACT-EU ina leith an tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2022, faoi réir mhír 4 den Airteagal sin.

([8]) Rialachán (AE) Uimh. 231/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 lena mbunaítear Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA II) (IO L 77, 15.3.2014, lch. 11) ("Rialachán IPA II").

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 447/2014 ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2014 maidir leis na rialacha sonracha maidir le Rialachán (AE) Uimh. 231/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA II) a chur chun feidhme (IO L 132, 3.5.2014, lch. 32) ("Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II").

([10]) Maidir le cláir um chomhar a dtacaíonn CFRE leo faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh agus maidir le cláir um chomhar trasteorann a dtacaíonn IPA II leo, ba cheart "Ballstát" mar a luaitear sna treoirlínte reatha a thuiscint mar an Ballstát a bhfuil an t-údarás bainistíochta á óstáil aige.

([11]) I gcomhréir le hAirteagal 138(1) den Chomhaontú maidir le tarraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO C 384I, 12.11.2019, lch. 1), ("an Comhaontú um Tharraingt Siar"), i ndáil le cur chun feidhme chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais a gealladh faoi CAI 2014-2020 nó faoi dhearcthaí airgeadais a bhí ann roimhe sin, beidh feidhm fós ag dlí is infheidhme an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le ceartuithe airgeadais agus maidir le himréiteach cuntas, maidir leis an Ríocht Aontaithe i ndiaidh an 31 Nollaig 2020 go dtí go ndúnfar na cláir agus na gníomhaíochtaí sin de chuid an Aontais, mura mbeidh bearta teicniúla glactha ag an gComhchoiste i gcomhréir le hAirteagal 138(5) den Chomhaontú um Tharraingt Siar. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, nach bhfuil feidhm ag forálacha na dtreoirlínte seo a bhaineann le hacmhainní REACT-EU maidir leis an Ríocht Aontaithe, de réir chúigiú fomhír Airteagal 154 den CPR, arna leasú le Rialachán (AE) 2020/2221.

an chláir. Má ghlacann an Coimisiún le hiarratas den sórt sin, ní mór don Bhallstát na doiciméid um dhúnadh a leagtar amach in Airteagal 141 den CPR ("na doiciméid um dhúnadh") ([12]) a chur isteach faoin 15 Feabhra den bhliain i ndiaidh na bliana cuntasaíochta a breithníodh. Maidir leis an dúnadh luath ba cheart go gcloífí leis na rialacha uile atá bunaithe maidir le dúnadh.

## 3. ULLMHÚ DON DÚNADH

### 3.1. Cláir a leasú

Chun cur chun feidhme cuí na gclár agus ullmhú tráthúil don dúnadh a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit iarratais a chur isteach maidir le leasuithe ar na cláir ([13]), lena n-áirítear leasuithe ar phleananna maoinithe chun cistí a aistriú idir aiseanna tosaíochta an chláir chéanna faoin gcatagóir chéanna réigiúin agus faoin gCiste céanna, faoin 30 Meán Fómhair 2023. Beifear ábalta leis sin cinntí a ghlacadh roimh an dáta deiridh le haghaidh incháilitheachta, an 31 Nollaig 2023. Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi tháblaí airgeadais athbhreithnithe le haghaidh aistrithe neamhshubstaintiúla i gcomhréir le hAirteagal 30(5) agus (6) den CPR ([14]) agus le haghaidh na leasuithe a bhaineann leis an ráta cómhaoinithe i gcomhréir le hAirteagal 30 (7) den CPR ([15]) roimh an dáta deiridh le haghaidh incháilitheachta, an 31 Nollaig 2023.

Leasaítear cláir um chomhar trasteorann faoi IPA II i gcomhréir le hAirteagal 31(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II. Ba cheart leasuithe ar an gclár lena gceanglaítear cinneadh foirmiúil ón gCoimisiún a chur isteach faoin 30 Meán Fómhair 2023. Maidir le haistrithe idir tosaíochtaí, beidh Airteagal 31(5A) de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II i bhfeidhm. Ba cheart fógra a thabhairt faoi na haistrithe sin faoin 31 Nollaig 2023.

Ní bheidh feidhm ag aistrithe acmhainní REACT-EU dá dtagraítear in Airteagal 92a den CPR ([16]) idir CFRE agus CSE, i gcomhréir leis an deichiú fomhír d'Airteagal 92b(5) den CPR ([17]) ach amháin maidir leis an mbliain reatha nó le blianta amach anseo sa phlean um maoiniú. Maidir le hiarratais ar bith ar leasuithe ar na pleananna um maoiniú a rachaidh i gcion ar na hacmhainní atá ar fáil lena gclárú do na blianta 2021 agus 2022 lena mbaineann aistriú idir CFRE agus CSE, ba cheart iad a chur isteach faoin 15 Samhain den bhliain chomhfhreagrach, chun go leor ama a thabhairt na cinntí a ghlacadh roimh an 31 Nollaig. Ní féidir gealltanais bhuiséadacha bhliantúla do bhliain ar leith a mhionathrú i ndiaidh an 31 Nollaig den bhliain sin.

### 3.2. Tograí móra a chur isteach/a fhógairt agus a leasú ([18])

Ós rud é go bhfuil méideanna suntasacha de na Cistí i gceist le mórthionscadail agus, dá bhrí sin, go bhfuil siad tábhachtach ó thaobh fheidhmíocht fhoriomlán na gclár, ba cheart do na Ballstáit iarratas nó fógra maidir le mórthionscadail a fhaomhadh nó a leasú a chur isteach faoin 30 Meán Fómhair 2023. Leis sin, beifear ábalta na cinntí a ghlacadh roimh an dáta deiridh le haghaidh incháilitheachta, an 31 Nollaig 2023.

Ní mór na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 102 agus in Airteagal 103 den CPR agus na ceanglais maidir le faisnéis a leagtar amach in Airteagal 101 den CPR, i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/207 ([19]) ón gCoimisiún agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1011/2014 ([20]) ón gCoimisiún a leanúint maidir le mórthionscadail a chur isteach agus fógra a thabhairt ina leith.

([12]) Tá feidhm ag Airteagal 141 CPR maidir le IPA II de bhua Airteagal 46(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II.
([13]) Airteagal 30(1) de CPR.
([14]) Arna leasú le Rialachán (AE) 2020/460 an 30 Márta 2020 agus Rialachán FAST CARE (AE) 2022/2039.
([15]) Arna leasú le Rialachán FAST CARE (AE) 2022/2039.
([16]) Arna leasú le Rialachán (AE) 2020/2221.
([17]) Arna leasú le Rialachán (AE) 2020/2221.
([18]) Ní bhaineann mórthionscadail leis na cláir a dtacaíonn CEMI leo. Níor thacaigh cláir CCE agus IPA II le mórthionscadail.
([19]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/207 ón gCoimisiún an 20 Eanáir 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na samhlacha don tuarascáil ar dhul chun cinn, le faisnéis a chur isteach maidir le mórthionscadal, leis an bplean gníomhaíochta comhpháirtí, leis na tuarascálacha cur chun feidhme maidir le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post, leis an dearbhú bainistíochta, leis an straitéis iniúchóireachta, leis an tuairim iniúchóireachta agus leis an tuarascáil bhliantúil ar rialú agus maidir leis an modheolaíocht chun an measúnú costais is tairbhe a dhéanamh agus de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1299/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an tsamhail do na tuarascálacha cur chun feidhme maidir le sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (IO L 38, 13.2.2015, lch. 1).
([20]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1011/2014 ón gCoimisiún an 22 Meán Fómhair 2014 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le samhlacha d'fhaisnéis áirithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus na rialacha mionsonraithe maidir le malartuithe faisnéise idir tairbhithe agus údaráis bhainistíochta, údaráis deimhniúcháin, údaráis iniúchóireachta agus comhlachtaí idirmheánacha (IO L 286, 30.9.2014, lch. 1).

Caithfidh na hiarratais ar leasú mórthionscadal cloí leis an nós imeachta céanna leis an nós imeachta a úsáidtear chun fógra tosaigh a thabhairt nó chun na mórthionscadail a chur faoi bhráid an Choimisiúin (Airteagal 102(1) nó Airteagal 102(2) den CPR faoi seach). Áirítear ar leasuithe ar mhórthionscadail iarratais a chur isteach de réir a chéile, leasuithe ar mhórthionscadail atá fós le cur i gcrích le linn chlárthréimhse 2014-2020 agus mórthionscadail a chur ar ceal.

## 4. BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS

### 4.1. Saoradh

Déanfar gealltanais nár úsáideadh a bhaineann leis an mbliain dheireanach den chlárthréimhse a shaoradh le linn an dúnta ([21]). Saorfar an chuid sin de na gealltanais a bheidh fós oscailte an 31 Nollaig 2023 mura mbeidh aon cheann de na doiciméid um dhúnadh curtha faoi bhráid an Choimisiúin faoin 15 Feabhra 2025, nó faoin 1 Márta 2025 má chuireann an Coimisiún síneadh léi ([22]).

I gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 92b(8) den CPR ([23]), cumhdófar sna cláir ar a leithdháilfidh na Ballstáit acmhainní REACT-EU an tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2022, faoi réir mhír 4 den Airteagal sin. Déanfar gealltanais nár úsáideadh a bhaineann le hacmhainní REACT-AE a shaoradh freisin le linn dhúnadh na gclár ([24]).

### 4.2. Réiteach an réamh-mhaoinithe tosaigh agus bhliantúil

Déanfaidh an Coimisiún réamh-mhaoiniú tosaigh a íoctar leis na Ballstáit a imréiteach tráth nach déanaí ná an tráth a dhúntar clár ([25]). Baineann sé sin freisin le réamh-mhaoiniú breise a íoctar ó acmhainní REACT-EU ([26]).

Ní féidir méideanna arna n-íoc mar réamh-mhaoiniú tosaigh a imréiteach ach amháin maidir le caiteachas incháilithe dearbhaithe. Féadfar tús a chur le réamh-mhaoiniú tosaigh a imréiteach, áfach, a luaithe a gheofar ranníocaíocht uasta i leith an chláir trí íocaíochtaí ó na Cistí a leagtar amach sa chinneadh ón gCoimisiún lena bhfaomhtar an clár. Sa chás sin, úsáidfidh an Coimisiún an caiteachas incháilithe a bheidh sna cuntais, i ndiaidh an méid is inmhuirir i leith na gCistí agus CEMI a ríomh, chun an réamh-mhaoiniú bliantúil a imréiteach ar dtús agus ina dhiaidh sin rachaidh an Coimisiún ar aghaidh leis an réamh-mhaoiniú tosaigh a imréiteach. Déanfar imréiteach de réir an chláir, an Chiste agus na catagóire réigiúin, i ndiaidh glacadh leis na cuntais.

Glanfar nó gnóthófar méideanna nach ngnóthóidh an Coimisiún in 2020 do na cuntais a chuirfear isteach in 2020 tráth an dúnta ([27]). Cuirfear méideanna den sórt sin san áireamh agus iarmhéid deiridh an chláir á ríomh.

### 4.3. An t-iarmhéid deiridh a ríomh

Maidir leis an mbliain chuntasaíochta deiridh, agus i gcás aon bhliain chuntasaíochta eile, aisíocfaidh an Coimisiún 90 % den mhéid a éileoidh an Ballstát tríd an ráta cómhaoinithe i leith gach tosaíochta a chur i bhfeidhm ar an gcaiteachas incháilithe i leith na tosaíochta a áirítear sna hiarratais ar íocaíocht eatramhach, ar an gcoinníoll go bhfuil gealltanais ar fáil sa chlár, agus faoi réir an maoinithe a bheidh ar fáil.

Cinnfidh an Coimisiún an méid is inmhuirir i leith na gCistí agus i leith CEMI don bhliain chuntasaíochta deiridh i gcomhréir le hAirteagal 139 de CPR. Bunaítear le hAirteagal 139(6) den CPR go ríomhfaidh an Coimisiún, ar bhonn na gcuntas a nglactar leo, an méid is inmhuirir i leith na gCistí agus i leith CEMI don bhliain chuntasaíochta, agus méideanna na gcuntas agus méid iomlán na n-íocaíochtaí a rinne an Coimisiún le linn na bliana cuntasaíochta á gcur san áireamh.

([21]) Airteagal 86(2) de CPR; tá feidhm aige maidir le IPA II de bhua Airteagal 46(4) de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II.
([22]) Airteagal 86(4) agus 136 (2) den CPR; tá feidhm aige maidir le IPA II de bhua Airteagal 46(4) de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II.
([23]) Arna leasú le Rialachán (AE) 2020/2221.
([24]) An cúigiú fomhír d'Airteagal 92b(5) den CPR, arna leasú le Rialachán (AE) 2020/2221.
([25]) Airteagal 82 den CPR; tá feidhm aige maidir le IPA II de bhua Airteagal 46(2) de Rialachán IPA II.
([26]) An tríú fomhír d'Airteagal 92b(7) den CPR, arna leasú le Rialachán (AE) 2020/2221.
([27]) Airteagal 139(7) den CPR, arna leasú le Rialachán (AE) 2020/460 an 30 Márta 2020; tá feidhm aige maidir le IPA II de bhua Airteagal 46(5) de Rialachán IPA II.

I ndiaidh an méid is inmhuirir i leith na gCistí agus i leith CEMI a ríomh, déanfaidh an Coimisiún an réamh-mhaoiniú bliantúil agus/nó an réamh-mhaoiniú tosaigh a imréiteach. I gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 139(7), den CPR ([28]), déanfar méideanna is inghnóthaithe ach nár ngnóthóidh an Coimisiún do na cuntais a chuirfear isteach in 2020 a imréiteach nó a ghnóthú tráth an dúnta.

I gcomhréir le hAirteagal 130(3) den CPR ([29]), ní rachaidh an ranníocaíocht ó na Cistí nó ó CEMI tríd an iarmhéid deiridh a íoc thar an méid seo a leanas:

— ar leibhéal na tosaíochta in aghaidh an Chiste agus in aghaidh gach catagóire réigiúin,

  — faoi níos mó ná 15 %, an ranníocaíocht ó na Cistí nó ó CEMI le haghaidh gach tosaíochta in aghaidh gach Ciste agus in aghaidh gach catagóire réigiúin mar a leagtar amach sa chinneadh ón gCoimisiún lena bhfaomhtar an clár;

— ar leibhéal an chláir,

  — an caiteachas poiblí incháilithe a dearbhaíodh; nó

  — an ranníocaíocht ó gach Ciste agus gach catagóir réigiúin le gach clár mar a leagtar amach sa chinneadh ón gCoimisiún lena bhfaomhtar an clár; cibé acu is ísle.

Is ionann acmhainní REACT-EU agus ioncam sannta seachtrach, a úsáidfear, i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ([30]) chun míreanna sonracha caiteachais a mhaoiniú. Coinnítear acmhainní REACT-EU ar línte buiséid sonracha, ar leithligh ó na línte buiséid nach mbaineann le CFRE agus CSE REACT-EU. Dá bhrí sin, ní féidir an tsolúbthacht 15 % a chur i bhfeidhm eatarthu, mar go dtabharfaí le tuiscint leis sin mionathrú ar an ngealltanas buiséadach i ndiaidh na bliana ina ndearnadh é. Mar thoradh air sin, i gcás REACT-EU, ní bheidh feidhm ag an tsolúbthacht 15 % ach amháin idir tosaíochtaí REACT-EU an Chiste chéanna laistigh den chlár céanna, mar shampla idir dhá thosaíocht CFRE REACT-EU.

Is é an t-iarmhéid deiridh a bheidh i gceist leis an gclár an méid atá dlite lena íoc/lena ghnóthú arna ríomh de réir na rialacha a mínítear thuas.

Tá sampla de chur i bhfeidhm na solúbthachta 15 % agus uasteorannú an chaiteachais phoiblí maidir le ríomh an iarmhéid deiridh maidir le clár leagtha amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis na treoirlínte seo.

## 4.4. **Caiteachas iomarcach**

Is ionann caiteachas iomarcach agus cleachtas de chuid na mBallstáit a dhearbhú don Choimisiún go bhfuil caiteachas incháilithe níos mó ná ranníocaíocht uasta na gCistí a leagtar amach sa chinneadh ón gCoimisiún lena bhfaomhtar an clár.

Toisc nach mbíonn iarratais ar íocaíocht carnach ach laistigh de bhliain chuntasaíochta ar leith, má shroicheann tosaíocht ranníocaíocht uasta na gCistí a leagtar amach sa chinneadh ón gCoimisiún lena bhfaomhtar an clár roimh an mbliain chuntasaíochta deiridh, ní dhéanfar caiteachas a dhearbhófar don Choimisiún de bhreis ar ranníocaíocht uasta sin na gCistí i leith na tosaíochta a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad bhliain chuntasaíochta eile.

Dá bhrí sin, féadfaidh na húdaráis deimhniúcháin a chinneadh go ndéanfar méideanna a cuireadh isteach ina gcóras cuntasaíochta i mbliain chuntasaíochta a dhearbhú don Choimisiún i mbliain chuntasaíochta ina dhiaidh sin nó, go deimhin, sa bhliain chuntasaíochta deiridh chun críocha an dúnta.

([28]) Arna leasú le Rialachán (AE) 2020/460 an 30 Márta 2020.

([29]) Arna leasú le Rialachán (AE) 2020/558 an 23 Aibreán 2020 agus Rialachán FAST CARE (AE) 2022/2039; tá feidhm aige maidir le IPA II de bhua Airteagal 46(2) de Rialachán IPA II.

([30]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1) ('an Rialachán Airgeadais').

Agus an méid thuas á chur san áireamh, agus dá mba mhian leis na Ballstáit go mbeadh caiteachas iomarcach ar fáil sa bhliain chuntasaíochta deiridh, d'fhéadfaidís staonadh ó chaiteachas iomarcach a dhearbhú don Choimisiún in aon bhliain chuntasaíochta roimh an mbliain chuntasaíochta deiridh agus an caiteachas sin a úsáid agus riachtanais an chláir á gcur san áireamh. Ní fhéadfaidh na Ballstáit smaoineamh ar chaiteachas iomarcach a dhearbhú ach amháin sa bhliain chuntasaíochta deiridh, seachas sna cásanna seo a leanas:

— má chaithfidh siad é a dhearbhú i mbliain chuntasaíochta níos luaithe lena chur in ionad na méideanna neamhrialta a braitheadh (laistigh de theorainneacha na gCistí nó ranníocaíocht CEMI don tosaíocht); nó

— má mhionathraíonn siad plean maoinithe an chláir chun na Cistí nó ranníocaíocht CEMI don tosaíocht iomarcach a mhéadú i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le leasuithe ar an gclár.

Mura bhfuil gá le caiteachas iomarcach roimh an mbliain chuntasaíochta deiridh, ní dhearbhódh na Ballstáit caiteachas den sórt sin don Choimisiún, lena n-áirítear caiteachas arna thabhú agus arna íoc ag tairbhithe le linn na mblianta cuntasaíochta roimhe sin, ach amháin sa bhliain chuntasaíochta deiridh (nó ag céim níos luaithe má roghnaíonn Ballstát dúnadh luath). Breithneofar caiteachas iomarcach a dhearbhófar don Choimisiún sa bhliain chuntasaíochta deiridh ag tráth an dúnta agus ina dhiaidh thráth an dúnta lena chur in ionad méideanna neamhrialta (a dhearbhófar in aon bhliain chuntasaíochta, lena n-áirítear an bhliain chuntasaíochta deiridh) agus don tsolúbthacht 15 % de réir Airteagal 130(3) den CPR ([31]). Gan dochar d'Airteagal 145(7) den CPR ([32]), féadfaidh na Ballstáit caiteachas iomarcach a úsáid lena chur in ionad méideanna eile neamhrialta a bhraithfear i ndiaidh na cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh a chur isteach/i ndiaidh a ndúnta.

## 5. TÁSCAIRÍ AGUS CREAT FEIDHMÍOCHTA TRÁTH AN DÚNTA

Ag tráth an dúnta don CEMI, ní mór sonraí le haghaidh táscairí a tharchur sa tuarascáil bhliantúil dheireanach ar chur chun feidhme an chláir, agus úsáid á baint as na táblaí teimpléid 1, 2 agus 3 a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1362/2014 ([33]) ón gCoimisiún.

Ag tráth an dúnta maidir le CFRE, CSE agus an Ciste Comhtháthaithe, ní mór sonraí do tháscairí aschuir agus toraidh a tharchur i dtuarascáil deiridh ar chur chun feidhme an chláir agus úsáid á baint as na táblaí teimpléid 1, 2, 3 agus 4 atá leagtha amach in Iarscríbhinn V ([34]) a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/207 ón gCoimisiún. Sa cholún "Barúlacha", ba cheart do na Ballstáit luachanna gnóthaithe na bliana 2023 a mhíniú (i gcás inar gá), go háirithe i gcásanna ina bhfuil difríocht shuntasach idir na luachanna sin agus na spriocanna socraithe (i. e. diall níos mó ná 20 %). Ní mór sonraí maidir leis na táscairí a roghnaíodh don chreat feidhmíochta a thuairisciú i dtábla 5 d'Iarscríbhinn V ([35]) a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/207 ón gCoimisiún.

Ceanglaítear ar na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas maidir le táscairí a chuimsiú sa tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme:

— carnach (bliantúil do CSE): luachanna le haghaidh táscairí aschuir agus toraidh go dtí an bhliain 2023 agus an bhliain sin san áireamh. Maidir le táscairí aschuir CFRE agus an Chiste Chomhtháthaithe agus maidir le haschuir CSE agus táscairí toraidh, bainfidh na luachanna le hoibríochtaí atá cómhaoinithe ón gclár;

— aon saincheisteanna a théann i bhfeidhm ar fheidhmíocht an chláir, lena n-áirítear na spriocanna a bhaint amach;

— (do CFRE agus don Chiste Comhtháthaithe) luachanna na bliana 2023 do tháscairí toraidh na gclár, bídís ó staidreamh nó ó fhoinsí faisnéise a bhaineann go sonrach leis an tosaíocht (amhail suirbhéanna), ag pointí ama ar leith. Ní mór cion an chláir agus cion tosca eile a chuimsiú sna luachanna sin. Baineann siad le gach tairbhí féideartha (an t-aonad anailíse céanna le sainmhíniú na bonnlíne).

([31]) Arna leasú le Rialachán (AE) 2020/558 an 23 Aibreán 2020 agus Rialachán FAST CARE (AE) 2022/2039.

([32]) Tá feidhm aige maidir le IPA II de bhua Airteagal 46(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II.

([33]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1362/2014 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le nós imeachta simplithe do cheadú leasuithe áirithe ar na cláir oibríochtúla arna maoiniú faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus rialacha i dtaca le formáid agus cur i láthair sonraí carnacha tuarascálacha bliantúla maidir le cur chun feidhme na gclár sin (IO L 365, 19.12.2014, lch. 124).

([34]) Tábla 1 agus Tábla 2 d'Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/207 ón gCoimisiún do CCE agus IPA II (de bhua Airteagal 42 (1) de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II).

([35]) Tábla 3 d'Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/207 ón gCoimisiún do ETC agus IPA II.

Moltar do na Ballstáit gan na spriocanna a athbhreithniú i ndiaidh 2022, ach amháin i gcásanna ina bhfuil an t-athbhreithniú mar thoradh ar athruithe ar leithdháiltí i ndáil le tosaíocht áirithe nó céimniú oibríochtaí áirithe. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar bhaint amach na spriocanna agus an fhaisnéis atá curtha ar fáil i dtuarascáil deiridh ar chur chun feidhme an chláir á cur san áireamh, lena n-áirítear gnéithe agus tosca a d'fhéadfadh cur isteach go mór ar na spriocanna atá socraithe a bhaint amach.

## 5.1. **Luachanna gnóthaithe táscairí aschuir a thuairisciú**

Maidir le luachanna gnóthaithe táscairí aschuir a thuairiscítear sa tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme nó sa tuarascáil bhliantúil dheireanach ar chur chun feidhme do CEMI i leith cláir, ba cheart go ndéanfadh siad tagairt dá bhfuil curtha ar fáil leis na hoibríochtaí a dtacaítear leo faoin gclár. Cé gur cheart go bhfreagródh na luachanna gnóthaithe táscairí don staid ag an 31 Nollaig 2023, i gcleachtas, féadfar aschuir arna soláthar leis na hoibríochtaí cómhaoinithe go dtí an dáta a gcuirfear isteach an tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme nó an tuarascáil bhliantúil dheireanach ar chur chun feidhme le haghaidh CEMI an chláir a thuairisciú sna doiciméid sin. Ba cheart d'údaráis iniúchóireachta an chláir cinneadh a thabhairt maidir le hiontaofacht na sonraí feidhmíochta sa tuarascáil bhliantúil ar rialú don bhliain chuntasaíochta deiridh.

I gcás oibríochtaí céimnithe (féach cuid 6 de na treoirlínte seo), ní fhéadfar ach aschuir arna soláthar de réir na céime a chuimsiú i gclárthréimhse 2014-2020 a thuairisciú i dtuarascáil deiridh cur chun feidhme an chláir. Ní mór aschuir eile (mar aon leis an gcaiteachas gaolmhar) a thuairisciú faoin gclárthréimhse 2021-2027.

Maidir le hoibríochtaí neamhfheidhmiúla (féach cuid 7 de na treoirlínte seo), níor cheart ach aschuir arna soláthar go hiarbhír bunaithe ar an gcaiteachas arna dhearbhú faoin gclár a thuairisciú i dtuarascáil deiridh cur chun feidhme an chláir. I gcásanna áirithe, ciallóidh sé sin gur tuairiscíodh aschur nialasach. Déanfar aschuir arna soláthar le hoibríochtaí neamhfheidhmiúla a mheasúnú i ndiaidh an 15 Feabhra 2027, an spriocdháta do na Ballstáit chun oibríochtaí den sórt sin a chur i gcrích go fisiceach nó a chur chun feidhme go hiomlán agus áiritheoidh siad go gcuirfidh siad le cuspóirí na dtosaíochtaí ábhartha.

## 5.2. **Na himpleachtaí a bhaineann leis an gcreata feidhmíochta maidir le dúnadh**

Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar bhaint amach na spriocluachanna i leith na dtáscairí sa chreat feidhmíochta bunaithe ar na luachanna arna dtuairisciú sa tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme nó sa tuarascáil bhliantúil dheireanach ar chur chun feidhme le haghaidh CEMI an chláir.

Féadfaidh na Ballstáit athbhreithniú ar spriocanna a mholadh trí leasú a dhéanamh ar an gclár i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, amhail athrú suntasach i ndálaí comhshaoil, saothair agus an mhargaidh eacnamaíoch, agus nuair a dhéanfar an t-athbhreithniú mar thoradh ar athruithe ar leithdháiltí i leith tosaíocht ar leith ([36]). Féadfaidh na Ballstáit athbhreithniú ar na spriocanna a mholadh trí leasú cláir i gcás céimniú oibríochtaí áirithe i gcomhréir le cuid 6 de na treoirlínte seo.

D'fhéadfadh mainneachtain na spriocanna nach mbaineann ach le táscairí airgeadais, le táscairí aschuir agus le príomhchéimeanna cur chun feidhme a bhaint amach a bheith ina cúis le ceartúcháin airgeadais má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 22(7) den Rialachán Airgeadais ([37]). Déantar measúnú ar mhainneachtain thromchúiseach i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 6(3) agus (4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 215/2014 ([38]) ón gCoimisiún.

([36]) Pointe 5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an CPR; tá feidhm aige maidir le IPA II de bhua Airteagal 34(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II agus Airteagal 8(2), an chéad fhomhír, pointe (b)(v) CCE.

([37]) Airteagal 22(7) agus 144 (4) den CPR; tá feidhm ag an dara ceann maidir le IPA II de bhua Airteagal 46(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II.

([38]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 215/2014 ón gCoimisiún an 7 Márta 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh maidir le modheolaíochtaí i gcomhair tacaíocht i leith an athraithe aeráide, cinneadh garspriocanna agus spriocanna sa chreat feidhmíochta agus ainmníocht na gcatagóirí idirghabhála le haghaidh Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (IO L 69, 8.3.2014, lch. 65). Tá feidhm ag Airteagal 6 de Rialachán (AE) 215/2014 maidir le IPA II de bhua Airteagal 34(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II agus Airteagal 8(2), an chéad fhomhír, pointe (b)(v) CCE.

I gcás ina gcinneann údarás an chláir oibríochtaí neamhfheidhmiúla a chuimsiú i gclár, d'fhéadfadh an t-easpa aschur dochar a dhéanamh do bhaint amach na spriocanna a roghnaíodh don chreat feidhmíochta. Má bhíonn na hoibríochtaí neamhfheidhmiúla a chuimseofar sa chlár ina gcúis le mainneachtain thromchúiseach na spriocanna a roghnaíodh don chreat feidhmíochta a bhaint amach, déanfar an gealltanas ón mBallstát oibríochtaí den sórt sin a chur i gcrích go fisiceach nó a chur chun feidhme go hiomlán agus a áirithiú go gcuirfidh siad le cuspóirí na dtosaíochtaí ábhartha faoin 15 Feabhra 2027, a chomhshamhlú le gníomhaíocht cheartaitheach chun na spriocanna, dá dtagraítear in Airteagal 22(7) den CPR, a bhaint amach. Tá sé seo faoi réir an choinníll go ndéanfar na haschuir is gá a sholáthar leis na hoibríochtaí lena mbaineann, sa tréimhse bhreise a dheonaítear le halt 7 de na treoirlínte seo. Féadfar ceartú airgeadais a chur i bhfeidhm mura mbeidh na haschuir soláthartha faoin 15 Feabhra 2027.

Má bhíonn mainneachtain thromchúiseach na spriocanna a roghnaíodh don chreat feidhmíochta a bhaint amach mar thoradh ar chéimniú oibríochtaí áirithe, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh ceartú airgeadais a chur i bhfeidhm faoi Airteagal 22(7) den CPR.

I gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 480/2014 ([39]) ón gCoimisiún, socrófar ceartuithe airgeadais ar bhonn ráta comhréidh ag féachaint don chomhéifeacht maidir le gnóthú/ionsú, i.e., meán na rátaí gnóthaithe deiridh i leith na dtáscairí aschuir uile agus na bpríomhchéimeanna cur chun feidhme arna roghnú don chreat feidhmíochta faoi thosaíocht ar leith arna roinnt ar an ráta gnóthaithe deiridh don táscaire airgeadais a roghnaíodh don chreat feidhmíochta faoi thosaíocht ar leith. I gcomhréir le hAirteagal 3(2) den Rialachán Tarmligthe céanna, tá an ceartú ar ráta comhréidh le cur i bhfeidhm maidir leis an ranníocaíocht ón gCiste bunaithe ar an gcaiteachas arna dhearbhú ag an mBallstát faoin tosaíocht lena mbaineann. Faoi Airteagal 3(4) den Rialachán Tarmligthe, ní bheidh leibhéal an cheartaithe airgeadais a bheidh mar thoradh ar chur i bhfeidhm an ráta chomhréidh díréireach.

I gcomhréir le hAirteagal 92b(13)( c) den CPR ([40]), níl feidhm ag na ceanglais maidir leis an gcúlchiste feidhmíochta agus cur i bhfeidhm an chreata feidhmíochta maidir le hacmhainní REACT-EU.

## 6. CÉIMNIÚ OIBRÍOCHTAÍ ÁIRITHE THAR DHÁ CHLÁRTHRÉIMHSE

Tá an chuid seo bunaithe ar Airteagal 118 de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([41]) lena soláthraítear coinníollacha maidir le "roghnú oibríochta arb í an dara céim í d'oibríocht a roghnaíodh le haghaidh tacaíochta agus a tosaíodh faoi Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013", agus ar Airteagal 118a de Rialachán (AE) 2021/1060 lena soláthraítear coinníollacha le haghaidh "oibríochtaí atá faoi réir cur chun feidhme céimnithe a roghnaíodh le haghaidh tacaíochta roimh an 29 Meitheamh 2022 faoi Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013" agus faoi na Rialacháin Chiste-shonracha ([42]) ([43]).

([39]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 480/2014 an 3 Márta 2014 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (IO L 138, 13.5.2014, lch. 5). Tá feidhm ag Airteagal 2 agus 3 de Rialachán (AE) 480/2014 maidir le IPA II de bhua Airteagal 34 (1) de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II agus Airteagal 8(2), an chéad fhomhír, pointe (b)(v) CCE.

([40]) Arna leasú le Rialachán (AE) 2020/2221.

([41]) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159) arna leasú le Rialachán FAST CARE (AE) 2022/2039.

([42]) Rialacháin dá dtagraítear i bhfonótaí 2 go 6.

([43]) Níl siad infheidhme maidir le cláir um chomhar trasteorann faoin Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA II).

Ba cheart na hoibríochtaí a chur i gcrích go fisiceach nó a chur chun feidhme go hiomlán agus ba cheart go gcuirfidh siad le cuspóirí na dtosaíochtaí ábhartha tráth na doiciméid um dhúnadh a chur isteach. Toisc go mbíonn sé deacair uaireanta cur chun feidhme oibríochtaí a ailíniú leis an gclárthréimhse, áfach, agus chun a áirithiú go gcuirfear oibríochtaí i gcrích agus go gcuirfidh siad leis na spriocanna beartais, i gcomhréir le hAirteagal 118 de Rialachán (AE) 2021/1060, féadfar oibríochtaí céimnithe a dhéanamh de réir a chéile i gclárthréimhse 2021-2027 (cé is moite d'ionstraimí airgeadais) ar an gcoinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas go léir:

— ní raibh an oibríocht cómhaoinithe ó na Cistí ná ó CEMI faoi chlárthréimhse 2007-2013;

— gur mó ná EUR 5 mhilliún costas iomlán dhá chéim na hoibríochta;

— go bhfuil dhá chéim inaitheanta ag baint leis an oibríocht ó thaobh airgeadais de;

— go bhfuil rian iniúchóireachta mionsonraithe agus iomlán ann don chaiteachas lena áirithiú nach ndearbhófar an caiteachas céanna faoi dhó don Choimisiún;

— go bhfuil an dara céim den oibríocht incháilithe i gcomhair cómhaoiniú ó CFRE, ó CSE+, ón gCiste Comhtháthaithe nó ó CEMID ([44]) faoi chlárthréimhse 2021-2027 agus go gcomhlíonann sí rialacha infheidhme uile chlárthréimhse 2021-2027;

— go ngeallfaidh an Ballstát, sa tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme arna cur isteach i gcomhréir le hAirteagal 141 den CPR, nó i gcomhthéacs CEMI sa tuarascáil bhliantúil dheireanach ar chur chun feidhme, go dtabharfaidh sé an dara céim agus an chéim dheiridh chun críche le linn chlárthréimhse 2021-2027.

Mar an gcéanna, in ainneoin Airteagal 118 de Rialachán (AE) 2021/1060, meastar go bhfuil oibríochtaí a roghnaíodh le haghaidh tacaíochta agus ar cuireadh tús leo roimh an 29 Meitheamh 2022 faoin CPR agus faoi na Rialacháin Chiste-shonracha ([45]) incháilithe le haghaidh tacaíochta freisin faoi Rialachán (AE) 2021/1060 agus faoi na Rialacháin Chiste-shonracha chomhfhreagracha i gclárthréimhse 2021-2027 ([46]) i gcomhréir le hAirteagal 118a den Rialachán seo ([47]). Dá bhrí sin, tá an dá chéim de na tionscadail chéimnithe sin faoi réir na gcoinníollacha incháilitheachta uile maidir le clárthréimhse 2014-2020. Níl aon athrú tagtha ar rialacha 2021-2027 maidir le díriú téamach cistí.

De mhaolú ar Airteagal 73(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/1060, féadfaidh an t-údarás bainistíochta a chinneadh ([48]) tacaíocht a dheonú i gcomhair oibríochtaí den sórt sin faoi Rialachán (AE) 2021/1060 ar an gcoinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

— gur mó ná EUR 1 mhilliún costas iomlán dhá chéim na hoibríochta;

— go bhfuil dhá chéim inaitheanta ag baint leis an oibríocht ó thaobh airgeadais de;

— go bhfuil rian iniúchóireachta mionsonraithe agus iomlán ann don chaiteachas lena áirithiú nach ndearbhófar an caiteachas céanna faoi dhó don Choimisiún;

([44]) Faoi chlárthréimhse 2021-2027, athraíodh teideal an Chiste Eorpaigh Muirí agus Iascaigh (CEMI) go dtí an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID).

([45]) Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 1300/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 1299/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 2014/508 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

([46]) Airteagal 118a de Rialachán (AE) 2021/1060, a tugadh isteach le Rialachán FAST CARE (AE) 2022/2039.

([47]) Arna leasú le Rialachán FAST CARE (AE) 2022/2039.

([48]) Coiste Faireacháin i gcás CCE [agus IPA II].

— go bhfuil an oibríocht laistigh de na gníomhaíochtaí atá cláraithe faoi chuspóir sonrach ábhartha agus tá sí inchurtha i leith cineál idirghabhála i gcomhréir le hIarscríbhinn I le Rialacháin (AE) 2021/1060 ([49]);

— go ngeallfaidh an Ballstát, sa tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme arna cur isteach i gcomhréir le hAirteagal 141 den CPR, nó i gcomhthéacs CEMI sa tuarascáil bhliantúil dheireanach ar chur chun feidhme, go dtabharfaidh sé an dara céim agus an chéim dheiridh chun críche le linn chlárthréimhse 2021-2027.

Ba cheart do na Ballstáit liosta de na hoibríochtaí céimnithe go léir, in éineacht leis an tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme (nó, i gcás CEMI, in éineacht leis an tuarascáil bhliantúil dheireanach ar chur chun feidhme) a chur isteach (i gcomhréir le hAirteagal 118 agus/nó Airteagal 118a de Rialachán (AE) 2021/1060), ag baint úsáid as an teimpléad a soláthraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na treoirlínte seo.

Agus é sin á dhéanamh acu, geallfaidh na Ballstáit go mbeidh na hoibríochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na treoirlínte seo ag feidhmiú, i.e. curtha i gcrích go fisiceach nó curtha chun feidhme go hiomlán, agus go gcuireann siad le cuspóirí na dtosaíochtaí ábhartha faoin spriocdháta chun an pacáiste dearbhaithe a chur isteach don bhliain chuntasaíochta deiridh de chlárthréimhse 2021-2027. Ní mheasfar go bhfuil oibríocht a chéimnítear mar sin ina hoibríocht iomlán agus ní mheastar go mbeidh sí curtha i gcrích go dtí go mbeidh an dá chéim curtha i gcrích go fisiceach nó curtha chun feidhme go hiomlán agus nuair a chuir sí le cuspóirí na dtosaíochtaí ábhartha. D'fhéadfadh mainneachtain oibríocht chéimnithe a chur i gcrích mar a bhí beartaithe, a bheith ina cúis le ceartúcháin airgeadais ar dhá chéim na hoibríochta.

Chun céimniú mórthionscadail a iarraidh go foirmiúil, ba cheart do na Ballstáit mórthionscadal a chur isteach nó fógra a thabhairt ina leith, ar mórthionscadal é ina dtuartar céimniú thar dhá chlárthréimhse nó iarratas ar leasú ar mhórthionscadal a faomhadh cheana in 2014-2020 (féach cuid 3.2 de na treoirlínte seo).

I gcomhréir le cuid 11.2 de na treoirlínte seo, ní fhéadfar liosta na n-oibríochtaí céimnithe a cuireadh isteach leis an tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme (nó, i gcás an CEMI, an tuarascáil bhliantúil dheireanach ar chur chun feidhme) ag baint úsáid as an teimpléad in Iarscríbhinn I de na treoirlínte seo a mhionathrú i ndiaidh an spriocdháta chun na doiciméid um dhúnadh a chur isteach, ach amháin i gcás ina n-iarrann an Coimisiún mionathrú nó i gcás botúin chléireachais.

## 7. OIBRÍOCHTAÍ NEAMHFHEIDHMIÚLA

Mar a luadh thuas, nuair a chuirtear na doiciméid um dhúnadh isteach, ní mór do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na hoibríochtaí uile (lena n-áirítear na hoibríochtaí de réir a chéile ó chlárthréimhse 2007-2013) sa chlár ag feidhmiú, i.e., go bhfuil siad curtha i gcrích go fisiceach nó curtha chun feidhme go hiomlán agus gur chuir siad le cuspóirí na dtosaíochtaí ábhartha ([50]).

Iarrtar ar na Ballstáit caiteachas a tabhaíodh agus a íocadh as oibríochtaí nach bhfuil curtha i gcrích go fisiceach nó nach bhfuil curtha chun feidhme go hiomlán agus/nó nach gcuireann le cuspóirí na dtosaíochtaí ábhartha ("oibríochtaí neamhfheidhmiúla") a eisiamh ó na cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, áfach, caiteachas den sórt sin a áireamh sna cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh ar an gcoinníoll:

— gur mó ná EUR 1 mhilliún an costas iomlán a bhaineann le gach oibríocht neamhfheidhmiúil; agus

— nach mó an caiteachas iomlán arna dheimhniú don Choimisiún ar na hoibríochtaí neamhfheidhmiúla ná 20 % den chaiteachas iomlán incháilithe (AE agus náisiúnta) arna chinneadh don chlár.

Trí chaiteachas le haghaidh oibríochtaí neamhfheidhmiúla a chuimsiú sna cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh, geallann na Ballstáit na go ndéanfaidh siad na hoibríochtaí neamhfheidhmiúla sin uile a chur i gcrích go fisiceach nó a chur chun feidhme go hiomlán agus a áirithiú go gcuirfidh siad le cuspóirí na dtosaíochtaí ábhartha tráth nach déanaí ná an 15 Feabhra 2027, agus na méideanna lena mbaineann a aisíoc le buiséad AE mura mbeidh na hoibríochtaí sin ag feidhmiú faoin dáta sin.

([49]) Arna leasú le Rialachán FAST CARE (AE) 2022/2039.

([50]) Níor cheart oibríocht, a chomhlíon ceanglas Airteagal 71 den CPR ach nach raibh ag feidhmiú a thuilleadh nuair a dúnadh an clár, a mheas mar oibríocht neamhfheidhmiúil.

Ba cheart do na Ballstáit liosta de na hoibríochtaí neamhfheidhmiúla arna gcuimsiú sa chlár, mar aon leis an tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme (nó, i gcás CEMI, an tuarascáil bhliantúil dheireanach ar chur chun feidhme), a chur isteach, ag baint úsáid as an teimpléad a sholáthraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis na treoirlínte seo. Ba cheart do na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar na hoibríochtaí neamhfheidhmiúla agus faoin 15 Feabhra 2027, ba cheart dóibh an fhaisnéis is gá maidir lena gcur i gcrích go fisiceach nó lena gcur chun feidhme go hiomlán agus maidir lena gcion le cuspóirí na dtosaíochtaí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.

Mura mbeidh na hoibríochtaí ag feidhmiú faoin 15 Feabhra 2027, ba cheart do na Ballstáit na méideanna atá le ceartú a thabhairt don Choimisiún mar aon le húdar maith a thabhairt faoin dóigh ar ríomhadh na méideanna sin, agus stádas cur chun feidhme agus gnóthú chuspóirí foriomlána na n-oibríochtaí á gcur san áireamh acu. Nuair a gheobhaidh sé an fhaisnéis sin, rachaidh an Coimisiún ar aghaidh le gnóthú na méideanna lena mbaineann. Féadfar caiteachas iomarcach (má tá sé ar fáil) a chur in ionad méideanna neamhrialta ar bith.

Mura n-aontaíonn an Coimisiún le ríomh na méideanna atá le ceartú, féadfaidh sé a chinneadh nós imeachta um cheartú airgeadais a thionscnamh.

Ina theannta sin, mura mbeidh na hoibríochtaí curtha i gcrích go fisiceach nó curtha chun feidhme go hiomlán agus/nó mura chuir siad le cuspóirí na dtosaíochtaí ábhartha faoin spriocdháta thuas, d'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis le ceartú airgeadais mar gheall ar mhainneachtain thromchúiseach na spriocanna a roghnaíodh don chreat feidhmíochta a bhaint amach ([51]).

## 8. OIBRÍOCHTAÍ A BHFUIL TIONCHAR AG IMSCRÚDUITHE NÁISIÚNTA LEANÚNACHA ORTHU NÓ ATÁ CURTHA AR FIONRAÍ LE hIMEACHT DLÍTHIÚIL NÓ LE hACHOMHARC RIARACHÁIN A BHFUIL ÉIFEACHT FIONRAÍOCHTA LEIS

Sula gcuirfidh siad na doiciméid um dhúnadh isteach, ba cheart do na Ballstáit a chinneadh an eisiafar nó nach n-eisiafar ó na cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh an caiteachas go léir nó cuid den chaiteachas as aon oibríocht a bhfuil tionchar ag imscrúduithe náisiúnta leanúnacha uirthi, nó atá curtha ar fionraí le himeacht dlí nó le hachomharc riaracháin a bhfuil éifeacht fionraíochta leis.

Áirítear ar shamplaí d'imscrúduithe leanúnacha náisiúnta imscrúduithe a dhéanann comhlachtaí náisiúnta nach ionann iad agus údaráis an chláir (amhail imscrúduithe póilíneachta, imscrúduithe breithiúnacha nó imscrúduithe coiriúla) agus a bhféadfadh a dtoradh dul i gcion ar dhlíthiúlacht agus ar rialtacht an chaiteachais.

Ní chuirfidh fionraí oibríochta le himeacht dlí nó le hachomharc riaracháin síneadh leis an dáta deiridh chun caiteachas incháilithe a thabhú a leagtar amach in Airteagal 65(2) den CPR ([52]).

Ní fhéadfar aon chaiteachas a dhearbhú le haghaidh oibríochtaí a cuireadh ar fionraí le himeacht dhlíthiúil nó le hachomharc riaracháin a bhfuil éifeacht fionraíochta leis i ndiaidh an t-iarratas deiridh ar íocaíocht eatramhach don bhliain chuntasaíochta deiridh a chur isteach.

Mura ndéantar oibríochtaí a bhfuil tionchar ag imscrúduithe náisiúnta leanúnacha orthu nó a cuireadh ar fionraí le himeacht dhlíthiúil nó le hachomharc riaracháin a bhfuil éifeacht fionraíochta leis a eisiamh ó na cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh, ba cheart do na Ballstáit liosta de na hoibríochtaí sin mar aon leis an tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme a chur isteach ag baint úsáid as an teimpléad dá bhforáiltear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis na treoirlínte seo.

Ní mór do na Ballstáit toradh imscrúduithe náisiúnta ([53]), imeachtaí dlíthiúla agus achomhairc riaracháin a chur in iúl don Choimisiún. I gcás ina ndearbhaítear go bhfuil neamhrialtachtaí ann, rachaidh an Coimisiún ar aghaidh le gnóthú na méideanna lena mbaineann. Féadfar caiteachas iomarcach (má tá sé ar fáil) a chur in ionad méideanna neamhrialta ar bith.

---

([51]) Airteagal 22(7) de CPR.

([52]) Socraítear le Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II 43(1) dáta deiridh le haghaidh incháilitheachta do chaiteachas arna íoc do chláir um chomhar trasteorann IPA II amhail an 31 Nollaig 2023.

([53]) Gan dochar do na hoibleagáidí maidir neamhrialtacht a thuairisciú i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1970 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus forálacha sonracha maidir le neamhrialtachtaí a thuairisciú a bhaineann le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (IO L 293, 10.11.2015, lch. 1). Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2015/1970, bunaithe ar Airteagal 122 (2) CPR, maidir le IPA II de bhua Airteagal 46(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II.

## 9. CAITEACHAS A BHFUIL TIONCHAR AG IMSCRÚDUITHE LEANÚNACHA OLAF, TUARASCÁLACHA OLAF NÓ INIÚCHTAÍ AN CHOIMISIÚIN NÓ CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA AIR

Sula gcuirfidh siad na doiciméid um dhúnadh isteach, iarrtar ar na Ballstáit caiteachas a raibh tionchar ag neamhrialtachtaí ionchasacha a sainaithníodh in imscrúduithe leanúnacha OLAF (má tá imscrúduithe den sórt sin agus an caiteachas lena mbaineann ar eolas ag na Ballstáit ag an gcéim sin), tuarascálacha OLAF nó iniúchtaí an Choimisiúin nó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa air a eisiamh ó na cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh. Má chuireann an Ballstát i gcoinne cinntí den sórt sin nó i gcoinne mhéideanna an chaiteachais lena mbaineann agus má áirítear leis an gcaiteachas lena mbaineann sna cuntais, leanfaidh an Coimisiún den nós imeachta bréagnaitheach, a bhféadfadh ceartú airgeadais a bheith mar thoradh air. Gan dochar d'Airteagal 145(7) den CPR ([54]), féadfar caiteachas iomarcach (má tá sé ar fáil) chur in ionad méideanna neamhrialta ar bith.

## 10. NEAMHRIALTACHTAÍ

Ní mór go gcuimseofaí an méid seo a leanas sna cuntais do bhliain chuntasaíochta ar bith, lena n-áirítear an bhliain deiridh, ar leibhéal gach tosaíochta agus, i gcás inarb infheidhme, ar leibhéal an Chiste agus na catagóire réigiúin:

— na méideanna arna n-aistarraingt agus arna ngnóthú i rith na bliana cuntasaíochta;

— na méideanna atá le gnóthú ag deireadh na bliana cuntasaíochta;

— an gnóthú a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 71 den RFC; agus

— na méideanna do-inghnóthaithe ([55]).

Leagtar amach sa tsamhail do na cuntais a bhunaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1011/2014 ón gCoimisiún (Foscríbhinní 2, 3, 4 agus 5 faoi seach) an fhormáid chun aistarraingtí agus gnóthú, na méideanna atá le gnóthú, an gnóthú a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 71 den CPR agus na méideanna do-inghnóthaithe a thuairisciú ([56]).

### 10.1. Láimhseáil neamhrialtachtaí sa bhliain chuntasaíochta deiridh

Ós rud é, i ndiaidh an t-iarratas deiridh ar íocaíocht eatramhach atá le cur isteach faoin 31 Iúil 2024, nach féidir aon iarratas ar íocaíocht a chur isteach chuig an gCoimisiún ina dhiaidh sin, ní mór aon asbhaintí riachtanacha (in ainneoin go bhféadfaí tagairt a dhéanamh iontu don chaiteachas a dearbhaíodh i mblianta cuntasaíochta roimhe sin) a dhéanamh sna cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh agus ní mór iad a thuairisciú i gcomhréir leis an tsamhail do na cuntais, go háirithe Foscríbhinní 1, 2 agus 8 a ghabhann leis.

Ní bhaineann sé sin le méideanna atá le gnóthú, méideanna do-inghnóthaithe nó méideanna dá dtagraítear i gcuid 8 agus i gcuid 9 de na treoirlínte seo ar chinn an Ballstát an caiteachas lena mbaineann a choimeád sna cuntais ina leith.

Má chinneann an Ballstát, de bhun Airteagal 137(2) den CPR ([57]), caiteachas a eisiamh ó na cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh de bharr measúnú leanúnach ar dhlíthiúlacht agus ar rialtacht an chaiteachais sin, má fhaightear ina dhiaidh sin go bhfuil an caiteachas sin dlíthiúil agus rialta, ní fhéadfar é a athdhearbhú toisc nach mbeidh aon iarratais ar íocaíocht eatramhach ann ina dhiaidh sin lena gcuimsiú ann.

### 10.2. Méideanna atá le gnóthú agus méideanna do-inghnóthaithe

Sna cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh, féadfaidh na Ballstáit méideanna atá le gnóthú agus méideanna do-inghnóthaithe a bhaineann le caiteachas a dearbhaíodh, ní hamháin sna blianta cuntasaíochta roimhe sin, ach sa bhliain chuntasaíochta deiridh chomh maith, a thuairisciú ([58]). Féadfaidh na Ballstáit méideanna atá tagtha chun bheith ina méideanna atá le gnóthú nó ina méideanna do-inghnóthaithe i ndiaidh dheireadh na bliana cuntasaíochta deiridh a thuairisciú freisin sna cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh ach sula gcuirfear na doiciméid um dhúnadh isteach.

([54]) Tá feidhm aige maidir le IPA II de bhua Airteagal 46(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II.

([55]) Airteagal 137(1)(b) den CPR.

([56]) Tá feidhm ag Iarscríbhinn VII, bunaithe ar Airteagal 137(3) CPR, maidir le IPA II de bhua Airteagal 46 (5) de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II.

([57]) Tá feidhm aige maidir le IPA II de bhua Airteagal 46(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II.

([58]) Chun deis a thabhairt do na Ballstáit leas a bhaint as an bhféidearthacht faoin CPR méideanna atá le gnóthú tráth an dúnta nó i ndiaidh an dúnta a dhearbhú le haghaidh na méideanna atá le gnóthú i ndáil le bliain chuntasaíochta deiridh na clárthréimhse.

Eisiafaidh an Coimisiún na méideanna a tuairiscíodh mar mhéideanna atá le gnóthú agus méideanna do-inghnóthaithe ó ríomh an iarmhéid deiridh ([59]).

Cinnfidh an Coimisiún an aisíocfaidh sé na méideanna arna dtuairisciú as buiséad an Aontais, bunaithe ar thoradh phróiseas an ghnóthaithe agus/nó ar mheasúnú an Choimisiúin maidir le méideanna do-inghnóthaithe, i gcomhréir leis an nós imeachta a bunaíodh le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/568 ón gCoimisiún ([60]). Maidir leis na méideanna i bhFoscríbhinní 3 agus 5 de na cuntais a bhaineann le caiteachas a dearbhaíodh sa bhliain chuntasaíochta deiridh, ba cheart na méideanna sin a chuimsiú freisin i bhFoscríbhinn 1 de na cuntais ionas go bhféadfaí iad a aisíoc amach anseo as buiséad an Aontais, ar feitheamh thoradh na nósanna imeachta nó na measúnuithe sin.

Ba cheart don Bhallstát toradh an phróisis gnóthaithe atá ar feitheamh a chur in iúl don Choimisiún a luaithe is féidir.

Má chinneann Ballstát gur cheart méideanna do-inghnóthaithe a ghearradh ar bhuiséad an Aontais, ba cheart dó iarratas a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun an cinneadh sin a dhearbhú de réir na foirme a leagtar amach in Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/568 ón gCoimisiún. Cinnfidh an Coimisiún ar cheart na méideanna do-inghnóthaithe a ghearradh ar bhuiséad an Aontais i gcomhréir leis na rialacha a bhunaítear in Airteagal 3 den Rialachán céanna. Baineann sé sin le méideanna do-inghnóthaithe atá ar áireamh i bhFoscríbhinn 5 ("méideanna do-inghnóthaithe") de chuntais an chláir a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1011/2014 ón gCoimisiún agus méideanna atá ar áireamh i bhFoscríbhinn 3 ("méideanna atá le gnóthú") den Iarscríbhinn chéanna mar mhéideanna atá le gnóthú a d'fhéadfadh teacht chun bheith ina méideanna do-inghnóthaithe i ndiaidh na cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh a chur isteach.

### 10.3. An baol go ndéanfaidh údaráis an chláir deimhnithe breise ar chaiteachas a dearbhaíodh cheana féin don Choimisiún mar thoradh ar neamhrialtachtaí

Má aimsíodh riosca neamhrialtachtaí a fhágann go ndéanann údaráis an chláir deimhniú breise ar chaiteachas a dearbhaíodh don Choimisiún cheana féin, ní mór do na húdaráis náisiúnta na spriocdhátaí seo a leanas a chomhlíonadh:

— maidir le caiteachas a asbhaineadh as cuntais na bliana cuntasaíochta roimh an mbliain chuntasaíochta deiridh i gcomhréir le hAirteagal 137(2) den CPR, ní mór na deimhnithe breise a thabhairt chun críche in am ionas go mbeifear ábalta an caiteachas a dhearbhú san iarratas deiridh ar íocaíocht eatramhach don bhliain chuntasaíochta deiridh ar a dhéanaí, arb é an 31 Iúil 2024 an spriocdháta faoinar gá é a chur isteach;

— i gcás ina bhfuil baol ann go ndéanfaí deimhniú breise ar chaiteachas a dearbhaíodh sa bhliain chuntasaíochta deiridh mar thoradh ar neamhrialtachtaí, ba cheart an cinneadh maidir lena dhlíthiúlacht agus lena rialtacht agus, dá bhrí sin, an cinneadh maidir leis an gcaiteachas sin a choimeád sna cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh nó é a asbhaint astu, a dhéanamh tráth a gcuirfear na cuntais isteach, arb é an 15 Feabhra 2025, nó an 1 Márta 2025, má chuireann an Coimisiún síneadh leis, an spriocdháta faoinar gá iad a chur isteach.

### 10.4. Méideanna a gnóthaíodh i ndiaidh an dúnta

Má dhearbhaigh an Ballstát neamhrialtachtaí i ndiaidh an dúnta i ndáil leis an gcaiteachas atá ar áireamh sna cuntais, ní mór na méideanna a gnóthaíodh i ndiaidh an dúnta a aisíoc le buiséad an Aontais. Féadfar caiteachas iomarcach (má tá sé ar fáil) a chur in ionad méideanna neamhrialta ar bith.

---

([59]) Is é an toradh a bheidh air sin go mbeidh méid níos ísle le híoc nó le himréiteach i gcásanna ina bhfuil an t-iarmhéid deiridh dearfach nó go mbeidh méid níos airde le gnóthú i gcásanna ina bhfuil an t-iarmhéid deiridh ina ghnóthú.

([60]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/568 ón gCoimisiún an 29 Eanáir 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta chun a chinneadh an aisíocfaidh na Ballstáit méideanna do-inghnóthaithe maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (IO L 97, 13.4.2016, lch. 1). Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/568, bunaithe ar Airteagal 122 (2) CPR, maidir le IPA II de bhua Airteagal 46(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II.

## 11. DOICIMÉID UM DHÚNADH A CHUR ISTEACH

### 11.1. Spriocdháta chun doiciméid um dhúnadh a chur isteach

Ní mór na doiciméid um dhúnadh a chur isteach faoin 15 Feabhra 2025 ([61]) (seachas an tuarascáil bhliantúil dheireanach ar chur chun feidhme CEMI atá le cur isteach faoin 31 Bealtaine 2024 ([62])). Féadfaidh an Coimisiún an spriocdháta sin a shíneadh go dtí an 1 Márta 2025, i ndiaidh teachtaireacht a fháil ón mBallstát lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 63(7) den Rialachán Airgeadais.

Saorfaidh an Coimisiún go huathoibríoch an chuid sin de na gealltanais a bheidh fós oscailte an 31 Nollaig 2023 mura mbeidh aon cheann de na doiciméid um dhúnadh curtha faoi bhráid an Choimisiúin faoin 15 Feabhra 2025 (nó faoin 1 Márta 2025, má shíneann an Coimisiún é) ([63]). Sa chás sin, déanfar an clár a dhúnadh ar bhonn na faisnéise a bheidh ar fáil.

D'fhéadfadh mainneachtain aon cheann de na doiciméid um dhúnadh a chur isteach easnamh tromchúiseach i gcóras bainistíochta agus rialaithe an chláir a léiriú, rud a chuirfeadh ranníocaíocht an Aontais a íocadh leis an gclár cheana féin i mbaol. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh ceartú airgeadais a fhorchur sna cásanna sin.

### 11.2. Mionathrú ar na doiciméid um dhúnadh i ndiaidh an spriocdháta lena gcur isteach

Ní fhéadfaidh na Ballstáit aon cheann de na doiciméid um dhúnadh a mhionathrú i ndiaidh an spriocdháta lena gcur isteach, ach amháin nuair a iarrfaidh an Coimisiún mionathrú nó i gcás botúin chléireachais.

### 11.3. Infhaighteacht doiciméad

I gcomhréir le hAirteagal 140(1) den CPR ([64]), d'fhéadfaí briseadh ar an tréimhse choinneála maidir le hinfhaighteacht na ndoiciméad i gcás imeachtaí dlíthiúla nó trí iarratas ón gCoimisiún a mbeidh údar cuí leis.

Má roghnaíonn an Ballstát oibríocht a chéimniú thar dhá chlárthréimhse (de réir chuid 6 de na treoirlínte seo), iarrfaidh an Coimisiún briseadh sa tréimhse choinneála don chéad chéim den oibríocht sin go dtí go dtosóidh an tréimhse choinneála don dara céim den oibríocht i gcomhréir leis an gceathrú fomhír d'Airteagal 140 (1) den CPR.

Má roghnaigh an Ballstát úsáid a bhaint as an am breise a dheonaigh an Coimisiún chun an oibríocht neamhfheidhmiúil a chur i gcrích go fisiceach nó a chur chun feidhme go hiomlán agus lena áirithiú go gcuirfidh sí le cuspóirí na dtosaíochtaí ábhartha (de réir chuid 7 de na treoirlínte seo), déanfaidh an Coimisiún iarratas, i gcomhréir leis an gceathrú fomhír d'Airteagal 140(1), ar bhriseadh na tréimhse coinneála maidir leis an oibríocht sin go dtí go gcuirfear in iúl don Choimisiún go bhfuil sí ag feidhmiú, i.e. go bhfuil sí curtha i gcrích go fisiceach nó curtha chun feidhme go hiomlán agus gur chuir sí le cuspóirí na dtosaíochtaí ábhartha.

Tá údar maith leis an mbriseadh sin ós rud é nach féidir le seirbhísí an Choimisiúin nó Cúirt Iniúchóirí na hEorpa incháilitheacht agus feidhmiú foriomlán na hoibríochta iomláine (an dá chéim) a dheimhniú ná a iniúchadh ach amháin nuair a bheidh sí curtha i gcrích.

---

([61]) Airteagal 138 agus Airteagal 141(1) den CPR agus Airteagal 63(5) den Rialachán Airgeadais. Tá feidhm ag forálacha an CPR maidir le IPA II de bhua Airteagal 46(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II.

([62]) Airteagal 114(1) de Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2328/2003 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 861/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1198/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 791/2007 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1255/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 149, 20.5.2014, lch. 1).

([63]) Airteagal 136(2) de CPR; tá feidhm aige maidir le IPA II de bhua Airteagal 46(4) de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II.

([64]) Tá feidhm aige maidir le IPA II de bhua Airteagal 46(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II.

## 12. ÁBHAR NA nDOICIMÉAD UM DHÚNADH

### 12.1. Tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme

Ní mór an fhaisnéis a thuairiscítear in Airteagal 50(2) agus (5) (le haghaidh sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post, le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh agus le haghaidh chláir IPA II) ([65]) agus in Airteagal 111(3) den CPR (le haghaidh sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post) a bheith sa tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme na gclár lena dtacaíonn CFRE, CSE agus an Chiste Comhtháthaithe ([66]).

Leagtar amach struchtúr na tuarascála deiridh ar chur chun feidhme in Iarscríbhinn V (sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post) agus in Iarscríbhinn X (sprioc an Chomhair Chríochaigh Eorpaigh) a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/207 ([67]) ón gCoimisiún.

I gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 92b(7) den CPR ([68]), déanfaidh na Ballstáit tuairisciú sa tuarascáil deiridh ar cur chun feidhme ar an úsáid a bhaintear as an réamh-mhaoiniú tosaigh breise ó acmhainní REACT-EU chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin imirce atá le sárú mar gheall ar fhogha míleata Chónaidhm na Rúise agus maidir leis an méid a chuireann an réamh-mhaoiniú tosaigh breise sin le téarnamh an gheilleagair.

Tuairisceoidh na Ballstáit freisin sa tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme faoi chomhlíonadh an choinníll a leagtar amach sa cheathrú fomhír d'Airteagal 98(4) den CPR ([69]), lena gceanglaítear i gcás ina bhfuil ais tosaíochta tiomnaithe ag clár chun oibríochtaí a mhaoiniú lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin imirce mar thoradh ar fhogha míleata Chónaidhm na Rúise trí úsáid a baint as an tsolúbthacht dá bhforáiltear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír d'Airteagal 98(4) CPR, go ndéanfar 30 % ar a laghad de leithdháileadh airgeadais na haise tosaíochta sin a shannadh d'oibríochtaí lena mbaineann tairbhithe ar údaráis áitiúla agus eagraíochtaí sochaí sibhialta iad a oibríonn i bpobail áitiúla. I gcás nach gcomhlíonfar an coinníoll sin, déanfar an aisíocaíocht ón gCoimisiún faoin ais tosaíochta lena mbaineann a laghdú go comhréireach lena áirithiú go n-urramófar an coinníoll sin agus an t-iarmhéid deiridh atá le híoc leis an gclár á ríomh.

Ina theannta sin, ba cheart na nithe seo a leanas a bheith sa tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme:

— liosta de na hoibríochtaí céimnithe go léir agus méid an chaiteachais incháilithe don chéad chéim arna thabhú sa chlárthréimhse 2014-2020 i gcomhréir le cuid 6 de na treoirlínte seo. Ba cheart go leanfadh an liosta an teimpléad in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na treoirlínte seo;

— liosta de gach oibríocht neamhfheidhmiúil de réir chuid 7 de na treoirlínte seo. Ba cheart go leanfadh an liosta an teimpléad in Iarscríbhinn II a ghabhann leis na treoirlínte seo;

— liosta de na hoibríochtaí go léir a bhfuil tionchar ag imscrúduithe náisiúnta leanúnacha orthu nó atá curtha ar fionraí le himeacht dlí nó le hachomharc riaracháin a bhfuil éifeacht fionraíochta leis i gcomhréir le cuid 8 de na treoirlínte seo. Ba cheart go leanfadh an liosta an teimpléad in Iarscríbhinn III a ghabhann leis na treoirlínte sin.

Maidir leis na cláir a bhfaightear tacaíocht ina leith ó CEMI, ní theastaíonn tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme. Ina ionad sin, ní mór an tuarascáil bhliantúil dheireanach ar chur chun feidhme (ar cheart na táblaí in Iarscríbhinn I, II agus III a ghabhann leis na treoirlínte seo a áireamh iontu, i gcás inarb infheidhme) a chur isteach faoin 31 Bealtaine 2024, agus ní mór an fhaisnéis a ndéantar cur síos uirthi in Airteagal 50(2) den CPR agus in Airteagal 114 de Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 a chur inti. Leagtar amach struchtúr na tuarascála bliantúla sin ar chur chun feidhme in Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1362/2014 ón gCoimisiún.

---

([65]) Tá feidhm aige maidir le IPA II de bhua Airteagal 42 de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II.
([66]) Tá feidhm ag Airteagal 14 CCE maidir le IPA II freisin de bhua Airteagal 42(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II.
([67]) Tá feidhm aige maidir le IPA II de bhua Airteagal 42(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II.
([68]) Arna leasú le Rialachán (AE) 2022/613 an 12 Aibreán 2022.
([69]) Arna leasú le Rialachán FAST CARE (AE) 2022/2039. Níl feidhm ag Airteagal 98 ach maidir le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post.

12.1.1. *Mórthionscadail a thuairisciú* ([70])

Trí mhórthionscadal a chur san áireamh sa tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme (tábla 12 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/207 ón gCoimisiún), dearbhaíonn an Ballstát go bhfuil an mórthionscadal curtha i gcrích go fisiceach nó curtha chun feidhme go hiomlán agus go gcuireann sé le cuspóirí na dtosaíochtaí ábhartha. Ba cheart mórthionscadail nach bhfuil ag feidhmiú, nó atá céimnithe a thuairisciú de réir chodanna 6 agus 7 de na treoirlínte seo.

Sa cholún "Barúlacha" i dtábla 12, ba cheart do na Ballstáit a léiriú ar cuireadh an mórthionscadal chun feidhme i gcomhréir leis an doiciméadacht a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin nó ar tugadh fógra dó ina leith faoi Airteagal 102 nó 103 den CPR a bhí mar bhonn don chinneadh ón gCoimisiún lenar faomhadh an ranníocaíocht airgeadais i gcomhair an tionscadail, i bhfoirm an chinnidh nó an chomhaontaithe intuigthe. Ba cheart do na Ballstáit cur síos a dhéanamh agus míniú a thabhairt ar aon éagsúlacht i gcur chun feidhme an mhórthionscadail i gcomparáid leis an méid a luadh sa doiciméadacht thuasluaite.

Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chomhlíonadh an mhórthionscadail a cuireadh chun feidhme leis an doiciméadacht a cuireadh isteach nó ar tugadh fógra ina leith (agus déanfaidh sé measúnú ar an gcinneadh ón gCoimisiún lena bhfaomhtar an ranníocaíocht airgeadais i gcás inarb ábhartha). Agus é sin á dhéanamh aige, cuirfidh an Coimisiún san áireamh na cúiseanna agus na hiarmhairtí a bhaineann le neamhchomhlíonadh an mhórthionscadail a cuireadh chun feidhme leis an doiciméadacht a thacaíonn le faomhadh an Choimisiúin agus féadfaidh sé ceartú airgeadais a fhorchur.

12.1.2. *Glacadh agus spriocdhátaí*

Scrúdóidh an Coimisiún an tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme agus cuirfidh sé a bharúlacha in iúl don Bhallstát laistigh de chúig mhí ó dháta a fála ([71]). Sa chás nach gcuireann an Coimisiún barúlacha in iúl laistigh den spriocdháta sin, measfar gur glacadh leis an tuarascáil.

Tabharfar dhá mhí do na Ballstáit freagra a thabhairt ar bharúlacha an Choimisiúin maidir le tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme. Féadfaidh an Coimisiún síneadh dhá mhí eile a chur leis an spriocdháta sin, arna iarraidh sin do Bhallstát. Glacfar leis an tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme mura bhfuil barúlacha ag an gCoimisiún nó má tugadh aghaidh leordhóthanach ar bharúlacha uile an Choimisiúin.

## 12.2. **Cuntais**

Ní mór an fhaisnéis a thuairiscítear in Airteagal 137(1) den CPR a chur san áireamh sna cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh, mar atá sé d'aon bhliain chuntasaíochta eile. Leagtar amach struchtúr na gcuntas in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1011/2014 ón gCoimisiún. Ní mór iad a ullmhú agus na ceanglais shonracha don bhliain chuntasaíochta deiridh á gcur san áireamh (féach cuid 10 thuas go sonrach).

12.2.1. *Scrúdú agus glacadh*

Maidir le scrúdú agus glacadh na gcuntas don bhliain chuntasaíochta deiridh leantar na rialacha céanna arna mbunú maidir le cuntais a scrúdú agus a ghlacadh d'aon bhliain chuntasaíochta eile.

Cuirfidh an Coimisiún nósanna imeachta i bhfeidhm maidir leis na cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh a scrúdú agus glacadh leo agus cuirfidh sé an Ballstát ar an eolas faoin 31 Bealtaine 2025 i dtaobh an nglacann sé leis go bhfuil na cuntais iomlán, cruinn agus fíor ([72]).

([70]) Ní bhaineann mórthionscadail leis na cláir a dtacaíonn CEMI leo. Níor thacaigh cláir CCE agus IPA II le mórthionscadail.

([71]) Airteagal 50(7) de CPR; tá feidhm aige maidir le IPA II de bhua Airteagal 42(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II, ag tagairt dá réir sin d'Airteagal 50.

([72]) Airteagal 139 den CPR; tá feidhm aige maidir le IPA II de bhua Airteagal 46(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II.

### 12.3. Dearbhú bainistíochta agus achoimre bhliantúil

Leagtar amach struchtúr an dearbhaithe bainistíochta don bhliain chuntasaíochta deiridh, mar a leagtar amach d'aon bhliain chuntasaíochta eile, in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/207 ([73]) ón gCoimisiún.

### 12.4. Tuairim iniúchóireachta agus tuarascáil ar rialú

Leagtar amach struchtúr an na tuairime iniúchóireachta don bhliain chuntasaíochta deiridh, mar a leagtar amach d'aon bhliain chuntasaíochta eile, in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/207 ([74]) ón gCoimisiún.

Leagtar amach struchtúr na tuarascála ar rialú don bhliain chuntasaíochta deiridh, mar a leagtar amach d'aon bhliain chuntasaíochta eile, in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/207 ([75]) ón gCoimisiún.

I gcás ina bhfuil feidhm ag córas coiteann bainistíochta agus rialaithe maidir le níos mó ná clár amháin, féadfaidh an Ballstát a roghnú an fhaisnéis nach mór a sholáthar in aon tuarascáil rialaithe amháin ina gcumhdófar na cláir uile lena mbaineann.

Ba cheart an méid seo a leanas a bheith sa tuarascáil ar rialú don bhliain chuntasaíochta deiridh freisin:

— faisnéis faoi thorthaí oscailte a eascraíonn as na hiniúchtaí arna ndéanamh ag seirbhísí an Choimisiúin nó ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus ba cheart an fhaisnéis sin a sholáthar i gcuid 8 "Faisnéis eile" den tuarascáil ar rialú;

— dearbhú maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais faoi ionstraimí airgeadais (Airteagal 41 agus Airteagal 42 den CPR);

— dearbhú maidir le hiontaofacht na sonraí a bhaineann le táscairí;

— dearbhú go bhfuil méid an chaiteachais phoiblí a íoctar le tairbhithe comhionann ar a laghad leis an ranníocaíocht ó na Cistí agus ó CEMI arna híoc ag an gCoimisiún leis an mBallstát (Airteagal 129 den CPR ([76])).

#### 12.4.1. *Ionstraimí airgeadais* ([77])

Maidir le hionstraimí airgeadais, ba cheart d'údaráis iniúchóireachta an chláir dearbhú a fháil go bhfuil na méideanna deiridh a dhearbhaítear tráth an dúnta incháilithe. Ba cheart an fhaisnéis sin a sholáthar in alt 9 "Leibhéal foriomlán dearbhaithe" den tuarascáil ar rialú agus, más iomchuí, i gcodanna eile den tuarascáil (go háirithe, i gcuid 4 "Iniúchtaí córais" agus 5 "Iniúchtaí oibríochtaí").

I gcás ionstraimí airgeadais atá faoi réir iarratais chéimnithe ar íocaíochtaí eatramhacha (tráinsí réamhíocaíochtaí) ([78]), d'fhéadfadh sé nach mbeadh incháilitheacht caiteachais a bhaineann leis an tráinse deireanach, ná suas le 15 % de na méideanna a bhí ar áireamh i dtráinsí roimhe sin, cumhdaithe in iniúchtaí a rinneadh roimhe seo ar oibríochtaí. Ba cheart d'údaráis iniúchóireachta an chláir dearbhú a fháil maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais sin sula gcuirfear isteach na cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh. Ní gá, áfach, go mbeadh cur chun feidhme infheistíochta a thacaíonn leis an ionstraim airgeadais curtha i gcrích ag an bhfaighteoir deiridh trí na doiciméid um dhúnadh a chur isteach. Ba cheart d'údaráis iniúchóireachta an chláir tuairisciú a dhéanamh ar an dóigh a bhfuair siad an dearbhú sin agus incháilitheacht chaiteachas iomlán na n-ionstraimí airgeadais a dhearbhú don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 42 den CPR sa tuarascáil ar rialú don bhliain chuntasaíochta deiridh.

([73]) Tá feidhm ag Iarscríbhinn VI, bunaithe ar Airteagal 125(4) CPR, maidir le IPA II de bhua Airteagal 37 (1) de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II.
([74]) Tá feidhm ag Iarscríbhinn VIII, bunaithe ar Airteagal 127(5) CPR, maidir le IPA II de bhua Airteagal 37 (3) de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II.
([75]) Tá feidhm ag Iarscríbhinn IX, bunaithe ar Airteagal 127(5) CPR, maidir le IPA II de bhua Airteagal 37 (3) de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II.
([76]) Tá feidhm aige maidir le IPA II de bhua Airteagal 46(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II.
([77]) Níl sé ábhartha le haghaidh cláir CCE agus níl sé infheidhme maidir le cláir um chomhar trasteorann faoi IPA II.
([78]) Airteagal 41 den CPR.

Maidir le hionstraimí airgeadais tráth an dúnta, moltar go gclúdóidh údarás iniúchóireachta an chláir pobalú atá fágtha an chaiteachas incháilithe nár clúdaíodh roimhe seo le linn iniúchtaí ar oibríochtaí. Ní gá go ndéanfaí iniúchadh ar na hionstraimí airgeadais uile tráth an dúnta, ach níor cheart aon ionstraim airgeadais a eisiamh ó roghnú randamach. Ina theannta sin, féadfaidh údaráis iniúchóireachta an chláir a chinneadh na hionstraimí airgeadais roghnaithe a ghrúpáil chun críche a n-iniúchtaí, ós rud é go mbeidh na torthaí a gheofar infheidhme maidir leis na hionstraimí airgeadais uile laistigh den ghrúpa.

Ba cheart d'údaráis iniúchóireachta an chláir iniúchadh a dhéanamh ar shampla staidrimh d'infheistíochtaí agus de chostais agus táillí bainistíochta agus féadfaidh siad an caiteachas sin a láimhseáil mar thréimhse samplála bhreise chun torthaí na n-iniúchtaí a rinneadh roimhe seo a úsáid ([79]).

12.4.2. *Iontaofacht sonraí*

Ba cheart d'údaráis iniúchóireachta an chláir cinneadh a dhéanamh maidir le hiontaofacht na sonraí a bhaineann le táscairí sa tuarascáil ar rialú don bhliain chuntasaíochta deiridh, lena n-áirítear cinneadh ar an measúnú ar phríomhcheanglas 6 "Córas iontaofa chun sonraí a bhailiú, a thaifeadadh agus a stóráil chun críocha faireacháin, meastóireachta, bainistíochta airgeadais, deimhnithe agus iniúchóireachta, lena n-áirítear naisc le córais leictreonacha malartaithe sonraí le tairbhithe" a leagtar amach i dtábla 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 480/2014 ón gCoimisiún ([80]). Sa mheasúnú sin ar phríomhcheanglas 6, ba cheart go n-áireofaí dearbhú go bhfuil na sonraí comhiomlánaithe a tuairiscíodh don Choimisiún ceart.

12.4.3. *Caiteachas poiblí a íoctar le tairbhithe*

Ba cheart don údarás deimhniúcháin a áirithiú go n-urramófar comhlíonadh Airteagal 129 den CPR ina ríomhanna le haghaidh na gcuntas deiridh. Ba cheart don údarás iniúchóireachta náisiúnta an ghné sin a chur ar áireamh ina iniúchadh ar chuntais na bliana cuntasaíochta deiridh agus ba cheart dó an dearbhú a fuarthas i gcaibidil 6 den tuarascáil deiridh ar rialú a thuairisciú.

## 13. ÍOCAÍOCHT AN IARMHÉID DEIRIDH

Íocfar an t-iarmhéid deiridh tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis an dáta a glacadh leis na cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh nó mí amháin tar éis an dáta a glacadh leis an tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme, cibé dáta is déanaí ([81]).

Tá sé sin gan dochar do chumhacht an Choimisiúin an spriocdháta le haghaidh íocaíocht an iarmhéid deiridh a bhriseadh nó íocaíocht den sórt sin a chur ar fionraí.

## 14. SAINCHEISTEANNA DLÍTHIÚLACHTA AGUS RIALTACHTA

Féadfaidh an Coimisiún saincheisteanna a bhaineann le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart bunúsach a bhaineann le caiteachas sna cuntais ghlactha a ardú i ndiaidh an t-iarmhéid deiridh a íoc agus i ndiaidh dhúnadh an chláir.

Tá dúnadh an chláir gan dochar do cheart an Choimisiúin ceartuithe airgeadais a fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 85, le hAirteagal 144 agus le hAirteagal 145 den CPR ([82]) agus, ina theannta sin, i gcás CEMI, le hAirteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 508/2014.

---

([79]) Maidir le hionstraimí airgeadais arna mbunú faoi phointe (a) agus pointe (c) d'Airteagal 38(1) den CPR agus maidir le hionstraimí airgeadais arna mbunú faoi phointe (b) den Airteagal céanna arna gcur chun feidhme ag an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) nó ag institiúid airgeadais idirnáisiúnta eile, déanann iniúchóirí seachtracha BEI/CEI iniúchadh ar na costais agus táillí bainistíochta a ghearrann BEI/Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI) nó institiúid airgeadais idirnáisiúnta eile. Ina theannta sin, seiceálann iniúchóirí seachtracha BEI/CEI aon chostais agus táillí bainistíochta a ghearrann na hidirghabhálaithe airgeadais a roghnaíonn CEI ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh iasachtaí agus ionstraimí cothromais.

([80]) Tá feidhm ag Iarscríbhinn IX, bunaithe ar Airteagal 144(6) CPR, maidir le IPA II de bhua Airteagal 46(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II.

([81]) Airteagal 141(2) de CPR; tá feidhm aige maidir le IPA II de bhua Airteagal 46(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II.

([82]) Tá feidhm ag trí fhoráil maidir le IPA II de bhua Airteagal 46(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme IPA II.

*IARSCRÍBHINN I*

**LIOSTA NA nOIBRÍOCHTAÍ GO LÉIR ARNA gCÉIMNIÚ Ó 2014-2020 GO 2021-2027**

**(le cur i gceangal leis an tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme** ([1]))

| TEIDEAL AN CHLÁIR | |
|---|---|
| | |
| UIMHIR CCI | |
| | |

| TOSAÍOCHT/ CISTE/ CATAGÓIR RÉIGIÚIN | TAGAIRT DON OIBRÍOCHT | TEIDEAL NA hOIBRÍOCHTA | DÁTA [AGUS UIMHIR] AN CHOMHAONTAITHE INTUIGTHE/ AN CHEADAITHE ÓN gCOIMISIÚN (MÁS MÓRTHIONSCADAL ATÁ I gCEIST) | OIBRÍOCHTAÍ CÉIMNITHE FAOI AIRTEAGAL 118 | OIBRÍOCHTAÍ CÉIMNITHE FAOI AIRTEAGAL 118 a | COSTAS IOMLÁN NA hOIBRÍOCHTA (in EUR) | | CAITEACHAS DEIMHNITHE IOMLÁN DON CHÉAD CHÉIM (in EUR) | RANNÍOCAÍOCHT PHOIBLÍ DON CHÉAD CHÉIM (in EUR) | DÁTA CRÍOCHNAITHE BEARTAITHE/ DEIRIDH NA DARA CÉIME (BLIAIN, RÁITHE) | CLÁR 2021-2027 FAOINA gCUIRFEAR/ FAOINAR CUIREADH AN OIBRÍOCHT I gCRÍCH ([2]) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | *Iomlán (don dá chéim, iomlán deiridh nó measta)* | *Don dara céim (iomlán deiridh nó measta)* | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |

([1]) Le haghaidh CEMI, a chuirfear i gceangal leis an tuarascáil bhliantúil dheireanach ar chur chun feidhme.
([2]) Ainm an chláir don tréimhse chláraithe 2021-2027 faoina gcuirfear/faoinar cuireadh an dara céim den oibríocht i gcrích.

*IARSCRÍBHINN II*

**LIOSTA D'OIBRÍOCHTAÍ NEAMHFHEIDHMIÚLA**

**(le cur i gceangal leis an tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme** [1]**)**

| TEIDEAL AN CHLÁIR | |
|---|---|
| | |
| UIMHIR CCI | |
| | |

| TOSAÍOCHT/CISTE/ CATAGÓIR RÉIGIÚIN | TAGAIRT DON OIBRÍOCHT | TEIDEAL NA hOIBRÍOCHTA | AINM AN TAIRBHÍ/AN FHAIGHTEORA | COSTAS IOMLÁN NA hOIBRÍOCHTA (in EUR) | CAITEACHAS DEIMH-NITHE IOMLÁN (in EUR) | RANNÍOCAÍOCHT PHOIBLÍ (in EUR) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |

(1) Le haghaidh CEMI, a chuirfear i gceangal leis an tuarascáil bhliantúil dheireanach ar chur chun feidhme.

*IARSCRÍBHINN III*

**LIOSTA OIBRÍOCHTAÍ A BHFUIL TIONCHAR AG IMSCRÚDUITHE NÁISIÚNTA LEANÚNACHA ORTHU/ATÁ CURTHA AR FIONRAÍ LE hIMEACHT DLÍTHIÚIL NÓ LE hACHOMHARC RIARACHÁIN A BHFUIL ÉIFEACHT FHIONRAÍOCHTA LEIS**

**(le cur i gceangal leis an tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme** (*)**)**

| | |
|---|---|
| TEIDEAL AN CHLÁIR | |
| | |
| UIMHIR CCI | |
| | |

| TOSAÍOCHT/CISTE/ CATAGÓIR RÉIGIÚIN | TAGAIRT DON OIBRÍOCHT | TEIDEAL NA hOIBRÍOCHTA | AINM AN TAIRBHÍ/AN FHAIGHTEORA | CAITEACHAS DEIMHNITHE IOMLÁN LENA mBAINEANN (in EUR) | RANNÍOCAÍOCHT PHOIBLÍ LENA mBAINEANN (in EUR) | OIBRÍOCHTAÍ A BHFUIL TIONCHAR AG IMSCRÚDUITHE NÁISIÚNTA LEANÚNACHA ORTHU* | OIBRÍOCHTAÍ A CUIREADH AR FIONRAÍ LE hIMEACHT DLÍTHIÚIL NÓ LE hACHOMHARC RIARACHÁIN A BHFUIL ÉIFEACHT FHIONRAITHEACH LEIS* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |

(*) Le haghaidh CEMI, a chuirfear i gceangal leis an tuarascáil bhliantúil dheireanach ar chur chun feidhme.Cuir X sa cholún cuí.

*IARSCRÍBHINN IV*

# SAMPLA DE CHUR I bhFEIDHM SOLÚBTHACHT AGUS UASTEORANNÚ AN CHAITEACHAIS PHOIBLÍ LAISTIGH DE RÍOMH AN IARMHÉID DEIRIDH DO CHLÁR AONCHISTE

Dúnadh 2014 - 2020

SAMPLA DE CHUR I BHFEIDHM NA SOLÚBTHACHTA/UASTEORANNAITHE TRÁTH DÚNTA CHLÁR AONCHISTE

| | Plean Airgeadais | | | | | | | Dearbhú caiteachais (gach bliain chuntasaíochta atá caite) | | Íoctha thar na blianta cuntasaíocht a ata caite | Dearbhú an chaiteachais (an bhliain chuntasaíochta dheireanach) | | | An tsuim iomlán a Íocadh sna blianta atá caite agus Ranníocaíocht ón gCiste arna Ríomh an bhliain seo caite | Ríomh ag leibhéal na haise tosaíochta (na blianta ar fad, an bhliain deireanach san áireamh) | | Ríomh ar leibhéal an chláir | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Tosaíocht | Iomlán Incháilithe | AE (Ranníocaíocht ón gCiste) | Contrapháirtí Náisiúnta | Poiblí Náisiúnta | Príobháideach Náisiúnta (*) | Poiblí /Iomlán | Ráta Cómhaoinithe (**) | Caiteachas iomlán | Ranníocaíocht Phoiblí | | Caiteachas iomlán | Ranníocaíocht Phoiblí | Ranníocaíocht ón gCiste arna Ríomh (1) | | Teorainn na solúbthachta | An méid a coinníodh ar an leibhéal tosaíochta (2) | Uasteorannú go dtí an Méid atá coinnithe ar an leibhéal tosaíochta agus Ranníocaíocht ón gCiste (3) | Uasteorannú le Ranníocaíocht Phoiblí (4) |
| | A = B + (z) | B | (z) = (x) + (y) | (x) | (y) | P / T | C=B/A | D1 | E1 | P | D | E | F=C*D nó C*E | M =P+F | H=B+B*15% | J=min(M,H) | L=min(iomlán J in aghaidh na catagóire réigiúin, iomlán B in aghaidh na catagóire réigiúin) | K=min(iomlán L ar leibhéal an chláir, iomlán (E+E1)) |
| Tosaíocht 1 | 95 000 | 81 000 | 14 000 | 14 000 | 0 | P | 85% | 70 000 | 70 000 | 57 610 | 30 000 | 30 000 | 25 579 | 83 189 | 93 150 | 83 189 | | |
| Tosaíocht 2 | 60 000 | 45 000 | 15 000 | 15 000 | 0 | P | 75% | 34 000 | 34 000 | 26 431 | 20 000 | 20 000 | 15 000 | 41 431 | 51 750 | 41 431 | | |
| Tosaíocht 3 | 61 000 | 52 000 | 9 000 | 9 000 | 0 | P | 85% | 44 000 | 44 000 | 38 651 | 20 000 | 20 000 | 17 049 | 55 700 | 59 800 | 55 700 | | |
| **Beagfhorbartha** | **216 000** | **178 000** | **38 000** | **38 000** | **0** | | | **148 000** | **148 000** | **122 692** | **70 000** | **70 000** | **57 628** | **180 320** | **204 700** | **180 320** | **178 000** | |
| Tosaíocht 4 | 800 | 600 | 200 | 150 | 50 | T | 75% | 500 | 400 | 375 | 220 | 180 | 165 | 540 | 690 | 540 | | |
| Tosaíocht 5 | 7 000 | 6 000 | 1 000 | 800 | 200 | T | 86% | 6 500 | 5 500 | 5 497 | 3 500 | 2 700 | 3 000 | 8 497 | 6 900 | 6 900 | | |
| Tosaíocht 6 | 27 000 | 20 000 | 7 000 | 5 000 | 2 000 | T | 74% | 20 000 | 17 000 | 14 889 | 4 000 | 2 200 | 2 963 | 17 852 | 23 000 | 17 852 | | |
| **Aistriú** | **34 800** | **26 600** | **8 200** | **5 950** | **2 250** | | | **27 000** | **22 900** | **20 761** | **7 720** | **5 080** | **6 128** | **26 889** | **30 590** | **25 292** | **25 292** | |
| **Clár** | **250 800** | **204 600** | **46 200** | **43 950** | **2 250** | | | **175 000** | **170 900** | | **77 720** | **75 080** | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | **Toradh deiridh ar leibhéal an chiste** | | **203 292** | **245 980** |
| | | | | | | | | | | | | | | | **Uasteorannú le Poiblí ar leibhéal an chiste** | | | **203 292** |

(*) Ná comhlánaigh ach amháin nuair a léirítear aiseanna tosaíochta i gcostais iomlána

(**) Ráta Cómhaoinithe an chinnidh is déanaí a glacadh

(1) An méid ón ráta cómhaoinithe, arna bhunú faoin bplean maoinithe is déanaí atá i bhfeidhm, a chur i bhfeidhm ar an gcaiteachas incháilithe dearbhaithe

(2) Tháinig méadú 15 %ar an uasteorannú leis an méid uasta cúnaimh ón gCiste mar a leagtar síos sa chinneadh ón gCoimisiún lena bhfaomhtar an clár oibríochtúil

(3) Uasteorannú leis an méid cúnaimh ó gach Ciste a ghabhann leis an gclár oibríochtúil mar atá leagtha síos sa chinneadh ón gCoimisiúin

lena bhfaomhtar an clár oibríochtúil

(4) Uasteorannú leis an ranníocaíocht phoiblí a dhearbhaítear ar leibhéal an chiste amháin

**Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi**

**(Cás M.10349 – AMAZON / MGM)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 474/02)

An 15 Márta 2022, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin "mBeartas iomaíochta" atá ag an gCoimisiún (http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32022M10349. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

**Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi**

**(Cás M.10800 — AHLSELL / SANISTAL)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 474/03)

An 10 Samhain 2022, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin "mBeartas iomaíochta" atá ag an gCoimisiún (http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32022M10800. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

**Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi**

**(Cás M.10897 — PREDICA / VAUBAN / TELEFONICA / BLUEVIA)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 474/04)

An 25 Samhain 2022, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin "mBeartas iomaíochta" atá ag an gCoimisiún (http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32022M10897. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

**Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi**

**(Cás M.10943 — ENEL / CVC CAPITAL PARTNERS / GRIDSPERTISE)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 474/05)

An 28 Samhain 2022, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin "mBeartas iomaíochta" atá ag an gCoimisiún (http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32022M10943. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

**Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi**

**(Cás M.10955 – KIRK / LFI / ATP / FERROSAN MEDICAL DEVICES)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 474/06)

An 5 Nollaig 2022, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin "mBeartas iomaíochta" atá ag an gCoimisiún (http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32022M10955. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

**Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi**

**(Cás M.10931 — OPENTEXT / MICRO FOCUS)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 474/07)

An 6 Nollaig 2022, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin "mBeartas iomaíochta" atá ag an gCoimisiún (http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32022M10931. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

IV

*(Fógraí)*

# FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN CHOMHAIRLE

## Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tsaoirse ó phionós a chomhrac maidir le coireanna cogaidh arna ndéanamh i ndáil le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin

(2022/C 474/08)

### I. Réamhrá

Díreach tar éis thús an ionsaithe armtha, an 24 Feabhra 2022, cháin an Chomhairle Eorpach a láidre ab fhéidir cogadh ionsaithe gan chúis gan údar na Rúise ar an Úcráin, ar sárú ollmhór an dlí idirnáisiúnta agus phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe é agus arb é ba chúis le líon mór básanna agus gortuithe sibhialtach.

An 1 agus an 2 Márta 2022, rinne 39 Stát is Páirtithe i Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta ("Reacht na Róimhe"), lena n-áirítear Ballstáit uile an Aontais Eorpaigh, tarchur chuig an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta (ICC), inar iarr siad ar Ionchúisitheoir ICC imscrúdú a dhéanamh ar an staid san Úcráin. An 2 Márta 2022, d'fhógair Ionchúisitheoir ICC go raibh imscrúdú oscailte aige ar an staid san Úcráin ar bhonn na dtarchur a fuarthas. Ina dhiaidh sin, rinne ceithre Stát eile is Páirtithe an staid san Úcráin a tharchur chuig an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, rud a d'fhág gur 43 stát líon iomlán na Stát is Páirtithe a rinne amhlaidh.

I gConclúidí an 24 agus an 25 Márta 2022 uaithi, dúirt an Chomhairle Eorpach "[go bhfuil] ionsaithe á ndíriú ag an Rúis ar an bpobal sibhialta agus réada sibhialtacha mar sprioc aici, lena n-áirítear ospidéil, saoráidí leighis, scoileanna agus scáthláin. Ní mór deireadh a chur leis na coireanna cogaidh sin láithreach bonn. Iad siúd atá freagrach, tabharfar chun cuntais iad, iad féin agus a gcionpháirtithe, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta".

I gConclúidí an 30 agus an 31 Bealtaine 2022 uaithi, d'áitigh an Chomhairle Eorpach ar an Rúis stop a chur láithreach bonn leis na hionsaithe neamh-idirdhealaitheacha a bhí á ndéanamh aici ar shibhialtaigh agus ar bhonneagar sibhialtach. "Is thar insint iad na hainghníomhartha atá á ndéanamh ag fórsaí na Rúise agus an fhulaingt agus an scrios atá ann dá mbarr," a dúirt sí. Dúirt an Chomhairle Eorpach ina theannta sin go molann sí iad siúd uile atá ag cabhrú chun fianaise a bhailiú agus chun coireanna cogaidh agus na coireanna eile is tromchúisí a imscrúdú agus go dtacaíonn sí leis an obair mhór atá ar bun ag Ionchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta ina leith sin. Is díol sásaimh di freisin an obair atá á déanamh ag Ard-Ionchúisitheoir na hÚcráine, obair a bhfuil tacaíocht airgeadais agus tacaíocht fothaithe acmhainneachta á tabhairt di ag an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit. Is díol sásaimh di bunú na Foirne Comhpháirtí Imscrúdaithe arna comhordú ag Eurojust, ar treisíodh a ról, agus an tacaíocht oibríochtúil leanúnach ó Europol.

I gConclúidí an 23 agus an 24 Meitheamh 2022 uaithi, chuir an Chomhairle i dtreis "[go nd]éanfar an Rúis, an Bhealarúis agus iad siúd go léir atá freagrach as coireanna cogaidh agus na coireanna eile is tromchúisí a thabhairt chun cuntais as an méid atá déanta acu, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta".

I gConclúidí an 20 agus an 21 Deireadh Fómhair 2022 uaithi, dúirt an Chomhairle Eorpach an méid seo a leanas: "Na coireanna cogaidh atá á ndéanamh in aghaidh mhuintir na hÚcráine, ar i méid atá an fhianaise ina leith ag dul, agus an scrios leanúnach atá á dhéanamh ar an mbonneagar sibhialtach, is sárú follasach ar an dlí idirnáisiúnta iad. Athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach go bhfuil rún daingean aige an Rúis, agus déantóirí uile na gcoireanna agus na comhchoirithe ar fad, a thabhairt chun cuntais, agus athdhearbhaíonn sé go dtacaíonn sé go láidir leis na himscrúduithe atá á ndéanamh ag Ionchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta. Aithníonn an Chomhairle Eorpach na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an Úcráin an chuntasacht a áirithiú, lena n-áirítear maidir le coir an fhogha in aghaidh na hÚcráine. Iarrann sí ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún féachaint ar bhealaí lena bhféadfaí cuntasacht iomlán a áirithiú."

Ina theannta sin, i gConclúidí an 20 agus an 21 Deireadh Fómhair 2022 uaithi, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún roghanna a thíolacadh i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta arb aidhm dóibh sócmhainní reoite a úsáid chun tacú le hatógáil na hÚcráine. Meabhraíodh don Chomhairle Eorpach, sa chomhthéacs sin, conclúidí an 30 agus an 31 Bealtaine 2022 uaithi. Rachadh atógáil na hÚcráine chun tairbhe íospartaigh na gcoireanna a rinneadh san Úcráin freisin.

Meabhraítear i Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta ("Reacht na Róimhe") "nach féidir na coireanna is tromchúisí ar ábhar imní iad don chomhphobal idirnáisiúnta ina iomláine a bheith saor ó phionós agus nach mór a n-ionchúiseamh éifeachtach a áirithiú trí bhearta a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta agus trí fheabhas a chur ar an gcomhar idirnáisiúnta" (aistriúchán neamhoifigiúil).

I gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta ([1]), is ar na Stáit a thiteann an phríomhfhreagracht as imscrúdú agus ionchúiseamh a dhéanamh orthu siúd atá freagrach as croíchoireanna idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 5 de Reacht na Róimhe.

Meabhraíodh i gCinneadh 2011/168/CBES ón gComhairle ([2]) gur ábhar imní iad, don chomhphobal idirnáisiúnta ina iomláine agus don Aontas agus dá Bhallstáit go háirithe, na coireanna tromchúiseacha atá faoi dhlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta, agus dearbhaíodh ann an rún daingean deireadh a chur leis an tsaoirse ó phionós a bhíonn ann do dhéantóirí na gcoireanna sin trí thionscnaimh nó bearta a dhéanamh chun cur chun feidhme phrionsabal na comhlántachta a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta agus trí fheabhas a chur ar an gcomhar idirnáisiúnta chun a n-ionchúiseamh éifeachtach a áirithiú.

Ba cheart don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit gach beart is gá a dhéanamh, mar ábhar práinne, chun a áirithiú go n-imscrúdófar agus go n-ionchúiseofar iad siúd a dhéanann croíchoireanna idirnáisiúnta san Úcráin agus go gcuirfear an milleán orthu sa chúirt.

Chuir an Chomhairle Eorpach in iúl cheana féin gur díol sásaimh di an cinneadh a rinne Ionchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta tús a chur le himscrúdú. Tá tús curtha freisin ag údaráis inniúla i mBallstáit éagsúla le himscrúduithe ar chroíchoireanna idirnáisiúnta a líomhnaítear go ndearnadh san Úcráin iad.

Chun a áirithiú go n-éireoidh le himscrúduithe agus le hionchúisimh croíchoireanna idirnáisiúnta, ní mór comhar agus comhordú feabhsaithe a dhéanamh idir na húdaráis inniúla uile ar an leibhéal idirnáisiúnta agus náisiúnta, go háirithe chun fianaise a bhailiú, a stóráil agus a dhaingniú, ar fianaise í a bhféadfaí brath uirthi sa chúirt ina dhiaidh sin.

Is gníomhaithe ríthábhachtacha iad Eurojust agus Europol i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais. Tá saineolas agus taithí ag an dá Ghníomhaireacht sin chun tacú le himscrúduithe agus le hionchúisimh coireanna trasteorann, lena n-áirítear croíchoireanna idirnáisiúnta agus cionta coiriúla gaolmhara, agus tá siad faoi réir, laistigh dá sainorduithe faoi seach, chun rannchuidiú le malartú éifeachtach na fianaise a bhailítear. Comhordaíonn Eurojust agus Europol a róil agus a ngníomhaíochtaí faoi seach chun tacú le himscrúduithe ar chroíchoireanna idirnáisiúnta.

An 30 Bealtaine 2022, glacadh Rialachán (AE) 2022/838 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 a mhéid a bhaineann le fianaise a chaomhnú, a anailísiú agus a stóráil ag Eurojust, ar fianaise í a bhaineann le cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara ([3]).

---

([1]) Féach Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, Coinbhinsiún 1948 maidir le Coir an Chinedhíothaithe a Chosc agus a Pionósú; ceithre Choinbhinsiún na Ginéive 1949 agus na trí Phrótacal Bhreise a ghabhann leo; Coinbhinsiún na Háige 1954 agus an Dara Prótacal Breise a ghabhann leis; an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Cinedheighilt a Dhíchur agus a Phionósú 1976; an Coinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach, 1984; Coinbhinsiún Idirnáisiúnta 2006 maidir leis an Uile Dhuine a Chosaint ón bhFuadach.

([2]) Cinneadh 2011/168/CBES an 21 Márta 2011 ón gComhairle maidir leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2003/444/CBES (IO L 76, 22.3.2011, lch. 56).

([3]) IO L 148, 31.5.2022, lch. 1.

Bunaíodh Foireann Chomhpháirteach Imscrúdaithe an 25 Márta 2022, le cúnamh ó Eurojust, agus é mar aidhm comhordú a dhéanamh ar na himscrúduithe ar gach coir a rinne an Rúis le linn an chogaidh ar an Úcráin. Féachann an Fhoireann Chomhpháirteach Imscrúdaithe le feabhas a chur ar an gcomhar breithiúnach i measc na n-údarás inniúil a bhíonn páirteach agus croíchoireanna idirnáisiúnta á n-imscrúdú agus á n-ionchúiseamh ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ar dtús ba iad údaráis bhreithiúnacha na hÚcráine, na Liotuáine agus na Polainne iad a bhí ar an bhFoireann Chomhpháirteach Imscrúdaithe, agus ina dhiaidh sin chuaigh údaráis bhreithiúnacha ón Eastóin, ón Laitvia, ón tSlóvaic agus ón Rómáin isteach inti. An 25 Aibreán 2022, d'fhógair Oifig Ionchúisitheora na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta go rachadh sé isteach san fhoireann chomhpháirteach imscrúdaithe sin mar rannpháirtí.

Chun an t-anailísiú a éascú ar fhaisnéis a bhaineann le fianaise a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le croíchoireanna idirnáisiúnta, chuir Europol an Tionscadal Anailíseach tiomnaithe maidir le Croíchoireanna Idirnáisiúnta ar bun.

Ba cheart aird chuí a thabhairt freisin ar chás íospartaigh na gcroíchoireanna idirnáisiúnta. Ba chóir ceartas a thabhairt dóibh.

Tá saineolas tábhachtach ag Líonra Eorpach na bPointí Teagmhála um Imscrúdú agus Ionchúiseamh an Chinedhíothaithe, Coireanna in aghaidh an Chine Dhaonna agus Coireanna Cogaidh ("an Líonra um Chinedhíothú") i réimse na gcroíchoireanna idirnáisiúnta. Cuidíonn sé go mór le malartú faisnéise, eolais, taithí agus dea-chleachtas a éascú i measc cleachtóirí náisiúnta ([4]).

An 21 Meán Fómhair 2022, d'fhoilsigh Eurojust, an Líonra um Chinedhíothú agus Oifig an Ionchúisitheora ag an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta treoirlínte d'eagraíochtaí sochaí sibhialta dar teideal "*Documenting international crimes and human rights violations for criminal accountability purposes*" [Coireanna idirnáisiúnta agus sáruithe chearta an duine a dhoiciméadú chun críoch cuntasachta coiriúla].

Ar an láthair san Úcráin, tugann Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh san Úcráin (EUAM Ukraine) tacaíocht d'údaráis na hÚcráine. Leasaíodh sainordú EUAM Ukraine an 13 Aibreán 2022 ([5]) chun tacaíocht a thabhairt d'údaráis na hÚcráine a bhfuil baint acu le coireanna idirnáisiúnta a imscrúdú agus a ionchúiseamh trí chomhairle straitéiseach agus oiliúint straitéiseach a chur ar fáil. Comhoibríonn an Misean go dlúth leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta sa réimse seo agus glacann sé páirt i ngníomhaíochtaí Ghrúpa Comhairleach um Choireanna Ainghníomhartha.

I bhfianaise an mhéid thuas, ghlac an Chomhairle na conclúidí seo a leanas:

II. **Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit an méid seo leanas a dhéanamh:**

a) na bearta reachtacha is gá a ghlacadh chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

   i) an sainmhíniú ar chroíchoireanna idirnáisiúnta agus ar mhodhanna dliteanais a chumhdaítear i Reacht na Róimhe a chur chun feidhme go hiomlán;

   ii) feidhmiú dlínse uilíoch nó cineálacha eile dlínse náisiúnta a cheadú maidir le croíchoireanna idirnáisiúnta arna ndéanamh thar lear; agus

   iii) dlúthchomhar breithiúnach leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta a chumasú agus, a mhéid a cheadaítear faoin dlí náisiúnta, le sásraí imscrúdaitheacha nó cuntasachta eile, amhail an Coimisiún Neamhspleách Idirnáisiúnta Fiosrúcháin maidir leis an Úcráin arna bhunú ag Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, faoi chuimsiú foireann chomhpháirteach um imscrúdú.

b) tacú le hOifig an Ard-Ionchúisitheora san Úcráin d'fhonn feabhas a chur ar chumais na hÚcráine croíchoireanna idirnáisiúnta a imscrúdú agus a ionchúiseamh i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta.

c) machnamh a dhéanamh ar pháirt ghníomhach a ghlacadh sa tsamhail uainíochta arna comhordú ag an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta.

d) an comhar breithiúnach idir na Ballstáit, agus leis an Úcráin, tríú tíortha eile agus leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta a neartú, chun a áirithiú go ndéanfar croíchoireanna idirnáisiúnta a imscrúdú agus a ionchúiseamh go rathúil, lena n-áirítear trí thacú leis an tionscnamh idirnáisiúnta maidir le conradh iltaobhach a chaibidil le haghaidh cúnamh dlíthiúil frithpháirteach agus eiseachadadh i dtaca le hionchúiseamh coireanna ainghníomhacha ar an leibhéal náisiúnta.

([4]) Cinneadh 2002/494/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 lena mbunaítear Líonra Eorpach na bpointí teagmhála i ndáil le daoine atá ciontach as cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh (IO L 167, 26.6.2002, lch. 1); Cinneadh 2003/335/CGB ón gComhairle an 8 Bealtaine 2003 maidir le cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh a imscrúdú agus a ionchúiseamh (IO L 118, 14 Bealtaine 2003, lch. 12).

([5]) Cinneadh (CBES) 2022/638 ón gComhairle an 13 Aibreán 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/486/CBES maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Slándála Sibhialtaí san Úcráin (EUAM Ukraine), IO L 117, 19.4.2022, lch. 38.

e) úsáid foirne comhpháirteacha um imscrúdú idir údaráis inniúla na mBallstát agus geallsealbhóirí eile a éascú, amhail an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, chun feabhas a chur ar an gcomhar breithiúnach i gcásanna aonair agus ar imscrúdú agus ionchúiseamh croíchoireanna idirnáisiúnta ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

f) comhoibriú leis an nGrúpa Comhairleach maidir le Coireanna Ainghníomhacha agus, i gcás inarb ábhartha, dlúth-chomhordú a éascú idir an Grúpa Comhairleach um Choireanna Ainghníomhacha agus an Fhoireann Chomhpháirteach um Imscrúdú arna bunú idir an Úcráin agus roinnt Ballstát.

g) comhar a neartú le geallsealbhóirí an Aontais amhail Eurojust, Europol, an Gréasán Breithiúnach Eorpach, an Líonra um Chinedhíothú, EUAM Ukraine, agus Líonra na Saineolaithe Náisiúnta ar Fhoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú ("Líonra JITanna"), chun feabhas a chur ar imscrúdú agus ionchúiseamh rathúil na gcroíchoireanna idirnáisiúnta.

h) cumais EUAM Ukraine a neartú a thuilleadh trí shaineolaithe náisiúnta a bhfuil saineolas ábhartha acu a thabhairt ar iasacht.

i) leanúint de thacaíocht dhlíthiúil, oibríochtúil agus airgeadais a chur ar fáil go leordhóthanach do chruthú agus d'fheidhmiú cuí aonad speisialaithe atá tiomnaithe do bhunchoireanna idirnáisiúnta a imscrúdú agus a ionchúiseamh ar an leibhéal náisiúnta laistigh de na húdaráis atá inniúil in ábhair a bhaineann le forfheidhmiú an dlí, le hionchúiseamh, le cúnamh dlíthiúil frithpháirteach agus le teistiméireachtaí íospartach a bhailiú, agus, i gcás inarb ábhartha, laistigh de sheirbhísí inimirce.

j) na húdaráis bhreithiúnacha náisiúnta a bhfuil croíchoireanna idirnáisiúnta á n-imscrúdú acu a chur ar an eolas faoi na hinniúlachtaí a thugtar do Eurojust le Rialachán (AE) 2022/838, agus béim a leagan ar an gcúnamh is féidir a thabhairt trí Eurojust, i gcomhar leis an Líonra um Chinedhíothú, agus trí Europol chun faisnéis a chros-seiceáil go tapa éifeachtúil agus chun naisc a d'fhéadfadh a bheith ann idir cásanna a imscrúdaítear i mBallstáit éagsúla a bhrath.

k) bailiú agus comhroinnt faisnéise idir na húdaráis ábhartha agus na geallsealbhóirí a mbíonn teagmháil acu le híospartaigh coireanna cogaidh a chuíchóiriú, ag tógáil ar an saineolas a d'fhorbair, go háirithe, Líonra Eisiaimh Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann, an Líonra um Chinedhíothú agus Ardán an Aontais um Chearta Íospartach.

l) acmhainní leordhóthanacha a thiomnú d'fhothú acmhainneachta agus do ghníomhaíochtaí oiliúna d'údaráis náisiúnta a bhfuil baint acu le híospartaigh agus finnéithe croíchoireanna idirnáisiúnta a shainaithint.

m) dul i gcomhar le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear trí Ardán an Aontais um Chearta Íospartach, go sonrach chun feabhas a chur ar chomhroinnt faisnéise agus ar iarrachtaí for-rochtana i ndáil le híospartaigh agus na pobail lena mbaineann.

n) an comhar le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a chur chun cinn, i gcás inarb iomchuí, maidir le bailiú fianaise ar bhunchoireanna idirnáisiúnta agus inghlacthacht fianaise den sórt sin sa chúirt a éascú a mhéid a cheadaítear faoin dlí náisiúnta.

o) feasacht a mhúscailt i measc phobal dídeanaithe na hÚcráine maidir leis an bhféidearthacht fianaise a thabhairt sna Ballstáit maidir leis na croíchoireanna idirnáisiúnta a bhféadfaidís a bheith ina n-íospartaigh díobh agus/nó ina bhfinnéithe orthu, agus a staid leochaileach agus an tacaíocht is gá dóibh á meas ag an am céanna.

p) a mhéid a bhaineann le híospartaigh croíchoireanna idirnáisiúnta, rannpháirtíocht in imeachtaí coiriúla agus faisnéis faoi imeachtaí coiriúla a fheabhsú agus tacaíocht agus cosaint d'íospartaigh croíchoireanna idirnáisiúnta a fheabhsú, mar a fhoráiltear le Treoir 2012/29/AE maidir le cearta íospartach, lena n-áirítear trí thaithí agus dea-chleachtais a mhalartú maidir le tacú le híospartaigh agus iad a chosaint.

III. **Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:**

a) leanúint den dlúthchomhar le hUachtaránacht na Comhairle, leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, le hArdrúnaíocht na Comhairle agus leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta chun comhordú ghníomhaíochtaí an Aontais agus, i gcás inar féidir, ghníomhaíochtaí na mBallstát a áirithiú chun tacú le hiarrachtaí cuntasachta faoi stiúir Oifig an Ard-Ionchúisitheora san Úcráin.

b) leanúint dá chuid oibre laistigh den Ardán um Chearta Íospartach chun feasacht a mhúscailt faoin ngá atá le soláthar tacaíochta agus cosanta d'íospartaigh croíchoireanna idirnáisiúnta a áirithiú, i gcomhréir lena riachtanais shonracha agus i gcomhréir leis an Treoir maidir le Cearta Íospartach.

c) tacú le gníomhaíochtaí speisialaithe oiliúna agus fothaithe acmhainneachta d'údaráis forfheidhmithe dlí, d'údaráis bhreithiúnacha agus d'údaráis ábhartha eile, ag tógáil ar obair agus ar shaineolas na n-eintiteas atá ann cheana amhail an Gréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach (EJTN), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), EUAM Ukraine agus na cláir oiliúna atá ann cheana arna bhforbairt ag an Líonra um Chinedhíothú.

d) feabhas a chur ar an tacaíocht airgeadais, lóistíochta, theicniúil agus shubstainteach atá ar fáil do na Ballstáit ina n-iarrachtaí chun fianaise ar chroíchoireanna idirnáisiúnta a imscrúdú agus a bhailiú go héifeachtúil, lena n-áirítear tríd an gcistiú do chomhfhoirne imscrúdaithe a mhéadú.

e) malartú dea-chleachtas, eolais agus saineolais a chur chun cinn tríd an Líonra um Chinedhíothú, lena n-áirítear trí chláir mhalartaithe agus cuairteanna staidéir ó chleachtóirí, agus acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh chun na críche sin.

f) leanúint de thacaíocht a thabhairt do shásraí náisiúnta agus idirnáisiúnta imscrúdaithe agus bailithe fianaise, go háirithe maidir le fianaise ón láthair chatha.

IV. **Iarrann an Chomhairle ar Eurojust an méid seo a leanas a dhéanamh:**

a) leanúint de na bearta is gá a dhéanamh chun Rialachán (AE) 2022/838 a chur chun feidhme go pras, d'fhonn fianaise ar na croíchoireanna idirnáisiúnta a luaitear sa Rialachán sin a chaomhnú, a anailísiú agus a stóráil i saoráid stórála lárnach.

b) leanúint d'ábhar agus treoir a chur ar fáil maidir le conas fianaise ar chroíchoireanna idirnáisiúnta a bhailiú agus a tharchur.

c) an comhar le tríú tíortha a fheabhsú a thuilleadh, i gcás inar féidir, d'fhonn bailiú agus malartú fianaise ar chroíchoireanna idirnáisiúnta ábhartha a éascú, i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme.

V. **Iarrann an Chomhairle ar Eurojust agus Europol an méid seo leanas a dhéanamh:**

a) an comhar idir an dá Ghníomhaireacht sin a fheabhsú a thuilleadh, bunaithe ar na róil chomhlántacha agus ar na cumais oibríochtúla atá acu chun tacú le himscrúduithe i ndáil le croíchoireanna idirnáisiúnta, agus i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach agus é mar aidhm acu dúbailt iarrachtaí a sheachaint, ionas go mbeidh siad in ann cúnamh níos fearr a chur ar fáil do na Ballstáit i dtaca le croíchoireanna idirnáisiúnta a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

b) an Chomhairle a chur ar an eolas faoin staid imeartha agus faoi na céimeanna a thógfar amach anseo a mhéid a bhaineann leis an gcomhar atá eatarthu maidir le croíchoireanna idirnáisiúnta a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

VI. **Iarrann an Chomhairle ar an Líonra um Chinedhíothú an méid seo a leanas a dhéanamh:**

a) leanúint dá chuid saineolais a fhorbairt i réimse na gcroíchoireanna idirnáisiúnta.

b) leanúint de mhalartú faisnéise, eolais, taithí agus dea-chleachtas a éascú i measc cleachtóirí náisiúnta, i gcomhréir lena shainordú.

VII. **Iarrann an Chomhairle ar EUAM Ukraine:**

a) leanúint dá thacaíocht d'údaráis na hÚcráine a fhorbairt chun imscrúdú agus ionchúiseamh croíchoireanna idirnáisiúnta a éascú.

b) an comhar le Europol, Eurojust agus CEPOL a fheabhsú a thuilleadh chun oiliúint a chur ar fáil maidir le croíchoireanna idirnáisiúnta san Úcráin a imscrúdú agus a ionchúiseamh agus chun tacú go díreach leis an méid sin.

VIII. **Iarrann an Chomhairle ar institiúidí ábhartha an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas a dhéanamh:**

a) leanúint de chúnamh a thabhairt don Úcráin ar bhealach éifeachtúil agus an cúnamh sin a fheabhsú a thuilleadh.

b) leanúint de thacaíocht a chur ar fáil do na Ballstáit ina n-iarrachtaí fianaise ar chroíchoireanna idirnáisiúnta a bhailiú go héifeachtúil, agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann a fhiosrú agus an dúbailt a sheachaint ag an am céanna.

c) iarrachtaí a mhéadú chun cur i gcoinne na bréagaisnéise agus na n-iarrachtaí an stair a athscríobh.

IX. **Iarrann an Chomhairle ar an Úcráin an méid seo a leanas a dhéanamh:**

aontú do Reacht na Róimhe.

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Rátaí malairte an euro [1]

## 13 Nollaig 2022

(2022/C 474/09)

**1 euro =**

| | Airgeadra | Ráta malairte | | Airgeadra | Ráta malairte |
|---|---|---|---|---|---|
| USD | dollar na Stát Aontaithe | 1,0545 | CAD | dollar Cheanada | 1,4341 |
| JPY | yen na Seapáine | 144,85 | HKD | dollar Hong Cong | 8,2033 |
| DKK | krone na Danmhairge | 7,4391 | NZD | dollar na Nua-Shéalainne | 1,6464 |
| GBP | punt steirling | 0,85753 | SGD | dollar Shingeapór | 1,4288 |
| SEK | krona na Sualainne | 10,8965 | KRW | won na Cóiré Theas | 1 378,75 |
| CHF | franc na hEilvéise | 0,9869 | ZAR | rand na hAfraice Theas | 18,6855 |
| ISK | króna na hÍoslainne | 151,10 | CNY | renminbi-yuan na Síne | 7,3637 |
| NOK | krone na hIorua | 10,4679 | HRK | kuna na Cróite | 7,5495 |
| BGN | lev na Bulgáire | 1,9558 | IDR | rupiah na hIndinéise | 16 521,81 |
| CZK | koruna Phoblacht na Seice | 24,287 | MYR | ringgit na Malaeisia | 4,6704 |
| HUF | forint na hUngáire | 409,65 | PHP | peso na nOileán Filipíneach | 58,852 |
| PLN | zloty na Polainne | 4,6938 | RUB | rúbal na Rúise | |
| RON | leu na Rómáine | 4,9298 | THB | baht na Téalainne | 36,707 |
| TRY | lira na Tuirce | 19,6649 | BRL | real na Brasaíle | 5,5784 |
| AUD | dollar na hAstráile | 1,5553 | MXN | peso Mheicsiceo | 20,9435 |
| | | | INR | rúipí na hIndia | 87,2965 |

[1] *Foinse*: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

**NUASHONRÚ BLIANTÚIL 2022 AR LUACH SAOTHAIR AGUS PINSIN OIFIGIGH AGUS SHEIRBHÍSIGH EILE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS NA COMHÉIFEACHTAÍ CEARTÚCHÁIN A CHUIRTEAR I bhFEIDHM MAIDIR LEO** (1)

(2022/C 474/10)

1.1. Tábla de mhéideanna na mbuntuarastal míosúil le haghaidh gach gráid agus gach céime i ngrúpaí feidhme AD agus AST dá dtagraítear in Airteagal 66 de na Rialacháin Foirne, is infheidhme ón 1 Iúil 2022:

| 1.7.2022 | CÉIMEANNA | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| GRÁID | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| 16 | 20 856,62 | 21 733,04 | 22 646,29 | | |
| 15 | 18 433,77 | 19 208,39 | 20 015,53 | 20 572,40 | 20 856,62 |
| 14 | 16 292,34 | 16 976,99 | 17 690,38 | 18 182,55 | 18 433,77 |
| 13 | 14 399,73 | 15 004,82 | 15 635,33 | 16 070,35 | 16 292,34 |
| 12 | 12 726,95 | 13 261,75 | 13 819,04 | 14 203,49 | 14 399,73 |
| 11 | 11 248,49 | 11 721,16 | 12 213,70 | 12 553,51 | 12 726,95 |
| 10 | 9 941,81 | 10 359,56 | 10 794,90 | 11 095,21 | 11 248,49 |
| 9 | 8 786,88 | 9 156,12 | 9 540,89 | 9 806,31 | 9 941,81 |
| 8 | 7 766,14 | 8 092,48 | 8 432,53 | 8 667,15 | 8 786,88 |
| 7 | 6 863,97 | 7 152,41 | 7 452,95 | 7 660,31 | 7 766,14 |
| 6 | 6 066,59 | 6 321,53 | 6 587,16 | 6 770,43 | 6 863,97 |
| 5 | 5 361,87 | 5 587,18 | 5 821,96 | 5 983,94 | 6 066,59 |
| 4 | 4 739,00 | 4 938,12 | 5 145,63 | 5 288,80 | 5 361,87 |
| 3 | 4 188,45 | 4 364,48 | 4 547,89 | 4 674,40 | 4 739,00 |
| 2 | 3 701,91 | 3 857,46 | 4 019,56 | 4 131,40 | 4 188,45 |
| 1 | 3 271,87 | 3 409,35 | 3 552,61 | 3 651,48 | 3 701,91 |

2. Tábla de mhéideanna na mbuntuarastal míosúil le haghaidh gach gráid agus gach céime i grúpa feidhme AST/SC dá dtagraítear in Airteagal 66 de na Rialacháin Foirne, is infheidhme ón 1 Iúil 2022:

| 1.7.2022 | CÉIMEANNA | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| GRÁID | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| 6 | 5 319,31 | 5 542,85 | 5 775,76 | 5 936,43 | 6 018,46 |
| 5 | 4 701,38 | 4 898,94 | 5 105,53 | 5 246,82 | 5 319,31 |
| 4 | 4 155,24 | 4 329,84 | 4 511,80 | 4 637,32 | 4 701,38 |
| 3 | 3 672,53 | 3 826,85 | 3 987,69 | 4 098,60 | 4 155,24 |
| 2 | 3 245,90 | 3 382,31 | 3 524,45 | 3 622,49 | 3 672,53 |
| 1 | 2 868,84 | 2 989,40 | 3 115,02 | 3 201,66 | 3 245,90 |

(1) Tuarascáil Eurostat an 28 Deireadh Fómhair 2022 maidir le nuashonrú bliantúil 2022 ar luach saothair agus pinsin oifigigh an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagail 64 agus 65 agus Iarscríbhinn XI de na Rialacháin Foirne is infheidhme maidir le hoifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, nuashonrú lena ndéantar luach saothair na mball foirne gníomhach agus pinsin na mball foirne ar scor a choigeartú le héifeacht ón 1 Iúil 2022, agus lena dtugtar cothrom le dáta na comhéifeachtaí ceartúcháin a chuirtear i bhfeidhm maidir le luach saothair na mball foirne gníomhach ar seirbhís i stáisiúin dualgais laistigh den Aontas agus lasmuigh de, maidir le pinsin na mball foirne ar scor de réir a dtír cónaithe, agus maidir le haistrithe pinsin, le héifeacht ón 1 Iúil 2022 (Ares(2022) 7485371).

3. Tábla de na comhéifeachtaí ceartúcháin is infheidhme maidir le luach saothair agus pinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 64 de na Rialacháin Foirne ina bhfuil an méid seo a leanas:

— Comhéifeachtaí ceartúcháin is infheidhme ón 1 Iúil 2022 maidir le luach saothair oifigeach agus seirbhíseach eile dá dtagraítear in Airteagal 64 de na Rialacháin Foirne (a shonraítear i gcolún 2 sa tábla seo a leanas);

— Comhéifeachtaí ceartúcháin is infheidhme ón 1 Eanáir 2023 maidir le haistriú oifigeach agus seirbhíseach eile (a shonraítear i gcolún 3 den tábla seo a leanas) faoi Airteagal 17(3) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne;

— Comhéifeachtaí ceartúcháin is infheidhme ón 1 Iúil 2022 maidir le pinsin (a shonraítear i gcolún 4 den tábla seo a leanas) faoi Airteagal 20(1) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne;

| | Luach saothair | Aistriú | Pinsean |
|---|---|---|---|
| Tír / Ionad | 1.7.2022 | 1.1.2023 | 1.7.2022 |
| An Bhulgáir | 65,0 | 60,9 | |
| An tSeicia | 95,5 | 82,8 | |
| An Danmhairg | 134,7 | 136,5 | 136,5 |
| An Ghearmáin | 100,6 | 100,6 | 100,6 |
| Karlsruhe | 95,6 | | |
| München | 112,2 | | |
| An Eastóin | 94,1 | 98,1 | |
| Éire | 136,3 | 129,0 | 129,0 |
| An Ghréig | 89,4 | 84,8 | |
| An Spáinn | 97,4 | 93,4 | |
| An Fhrainc | 116,8 | 107,7 | 107,7 |
| An Chróit | 80,0 | 69,9 | |
| An Iodáil | 94,7 | 94,1 | |
| Varese | 92,0 | | |
| An Chipir | 82,6 | 82,9 | |
| An Laitvia | 85,9 | 80,9 | |
| An Liotuáin | 87,4 | 76,6 | |
| An Ungáir | 69,6 | 58,8 | |
| Málta | 92,1 | 94,7 | |
| An Ísiltír | 109,8 | 110,7 | 110,7 |
| An Ostair | 108,8 | 110,6 | 110,6 |
| An Pholainn | 71,7 | 62,0 | |
| An Phortaingéil | 95,5 | 89,7 | |
| An Rómáin | 70,1 | 59,1 | |
| An tSlóivéin | 87,1 | 83,6 | |
| An tSlóvaic | 81,3 | 80,9 | |
| An Fhionlainn | 117,3 | 118,9 | 118,9 |
| An tSualainn | 124,9 | 114,3 | 114,3 |
| An Ríocht Aontaithe | | | 125,4 |

4.1. Méid an liúntais saoire tuismitheora dá dtagraítear sa dara mír d'Airteagal 42a de na Rialacháin Foirne, is infheidhme ón 1 Iúil 2022 - EUR 1 123,91.

4.2. Méid an liúntais saoire tuismitheora dá dtagraítear sa tríú mír d'Airteagal 42a de na Rialacháin Foirne, is infheidhme ón 1 Iúil 2022 - EUR 1 498,55.

5.1. Méid bunúsach an liúntais teaghlaigh dá dtagraítear in Airteagal 1(1) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, is infheidhme ón 1 Iúil 2022 - EUR 210,20.

5.2. Méid an liúntais um leanaí cleithiúnacha dá dtagraítear in Airteagal 2(1) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, is infheidhme ón 1 Iúil 2022 - EUR 459,32.

5.3. Méid bunúsach an liúntais oideachais dá dtagraítear in Airteagal 3(1) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, is infheidhme ón 1 Iúil 2022 - EUR 311,65.

5.4. Méid bunúsach an liúntais oideachais dá dtagraítear in Airteagal 3(2) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, is infheidhme ón 1 Iúil 2022 - EUR 112,21.

5.5. Íosmhéid an liúntais easaoránachta dá dtagraítear in Airteagal 69 de na Rialacháin Foirne agus sa dara fomhír d'Airteagal 4(1) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leo, is infheidhme ón 1 Iúil 2022 - EUR 623,01.

5.6. Méid an liúntais easaoránachta dá dtagraítear in Airteagal 134 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais, is infheidhme ón 1 Iúil 2022 - EUR 447,87.

6.1. Méid an liúntais de réir ciliméadar dá dtagraítear in Airteagal 7(2) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, is infheidhme ón 1 Iúil 2022:

| | |
|---|---|
| EUR 0 do gach ciliméadar ó | 0 go 200 km |
| EUR 0,2317 do gach ciliméadar ó | 201 go 1 000 km |
| EUR 0,3863 do gach ciliméadar ó | 1 001 go 2 000 km |
| EUR 0,2317 do gach ciliméadar ó | 2 001 go 3 000 km |
| EUR 0,0771 do gach ciliméadar ó | 3 001 go 4 000 km |
| EUR 0,0372 do gach ciliméadar ó | 4 001 go 10 000 km |
| EUR 0 do gach ciliméadar os cionn | 10 000 km |

6.2. Méid an fhorlíonta ar an ráta comhréidh leis an liúntas de réir ciliméadar dá dtagraítear in Airteagal 7(2) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, is infheidhme ón 1 Iúil 2022:

— EUR 115,86 má tá an fad geografach idir na háiteanna dá dtagraítear i mír 1 idir 600 km agus 1 200 km,

— EUR 231,72 má tá an fad geografach idir na háiteanna dá dtagraítear i mír 1 níos mó ná 1 200 km

7.1. Méid an liúntais de réir ciliméadar dá dtagraítear in Airteagal 8(2) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, is infheidhme ón 1 Eanáir 2023:

| | |
|---|---|
| EUR 0 do gach ciliméadar ó | 0 go 200 km |
| EUR 0,4672 do gach ciliméadar ó | 201 go 1 000 km |
| EUR 0,7787 do gach ciliméadar ó | 1 001 go 2 000 km |
| EUR 0,4672 do gach ciliméadar ó | 2 001 go 3 000 km |
| EUR 0,1556 do gach ciliméadar ó | 3 001 go 4 000 km |
| EUR 0,0751 do gach ciliméadar ó | 4 001 go 10 000 km |
| EUR 0 do gach ciliméadar os cionn | 10 000 km |

7.2. Méid an fhorlíonta ar an ráta comhréidh leis an liúntas de réir ciliméadar dá dtagraítear in Airteagal 8(2) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, is infheidhme ón 1 Eanáir 2023:

— EUR 233,58 má tá an fad geografach idir an áit fostaíochta agus an áit tionscnaimh idir 600 km agus 1 200 km,

— EUR 467,12 má tá an fad geografach idir an áit fostaíochta agus an áit tionscnaimh níos mó ná 1 200 km.

8. Méid an liúntais cothaithe laethúil dá dtagraítear in Airteagal 10(1) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, is infheidhme ón 1 Iúil 2022:

— EUR 48,28 i gcás oifigeach atá i dteideal an liúntais teaghlaigh;

— EUR 38,94 i gcás oifigeach nach bhfuil i dteideal an liúntais teaghlaigh.

9. Méid na híosteorann le haghaidh an liúntais aistrithe tí dá dtagraítear in Airteagal 24(3) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais, is infheidhme ón 1 Iúil 2022:

— EUR 1 374,47 i gcás seirbhíseach atá i dteideal an liúntais teaghlaigh;

— EUR 817,25 i gcás seirbhíseach nach bhfuil i dteideal an liúntais teaghlaigh.

10.1. Méid na híosteorann agus na huasteorann le haghaidh an liúntais dífhostaíochta dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 28a(3) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais, is infheidhme ón 1 Iúil 2022:

— EUR 1 648,40 (íosteorainn);

— EUR 3 296,81 (uasteorainn).

10.2. Méid an liúntais chaighdeánaigh dá dtagraítear in Airteagal 28a(7) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais, is infheidhme ón 1 Iúil 2022

— EUR 1 498,55.

11. Tábla ina bhfuil méideanna scála na mbuntuarastal dá bhforáiltear in Airteagal 93 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais, is infheidhme ón 1 Iúil 2022:

| GRÚPAÍ FEIDHME | 1.7.2022 | CÉIMEANNA | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| FEIDH-MEANNA | GRÁID | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
| IV | 18 | 7 189,80 | 7 339,32 | 7 491,93 | 7 647,74 | 7 806,79 | 7 969,13 | 8 134,84 |
| | 17 | 6 354,54 | 6 486,67 | 6 621,57 | 6 759,28 | 6 899,84 | 7 043,32 | 7 189,80 |
| | 16 | 5 616,29 | 5 733,08 | 5 852,31 | 5 974,01 | 6 098,26 | 6 225,09 | 6 354,54 |
| | 15 | 4 963,81 | 5 067,04 | 5 172,43 | 5 279,99 | 5 389,80 | 5 501,87 | 5 616,29 |
| | 14 | 4 387,16 | 4 478,39 | 4 571,53 | 4 666,59 | 4 763,67 | 4 862,69 | 4 963,81 |
| | 13 | 3 877,47 | 3 958,12 | 4 040,42 | 4 124,46 | 4 210,22 | 4 297,78 | 4 387,16 |
| III | 12 | 4 963,75 | 5 066,96 | 5 172,35 | 5 279,89 | 5 389,68 | 5 501,76 | 5 616,17 |
| | 11 | 4 387,13 | 4 478,34 | 4 571,47 | 4 666,52 | 4 763,57 | 4 862,63 | 4 963,75 |
| | 10 | 3 877,46 | 3 958,09 | 4 040,40 | 4 124,43 | 4 210,19 | 4 297,75 | 4 387,13 |
| | 9 | 3 427,03 | 3 498,29 | 3 571,04 | 3 645,32 | 3 721,12 | 3 798,48 | 3 877,46 |
| | 8 | 3 028,92 | 3 091,91 | 3 156,21 | 3 221,83 | 3 288,84 | 3 357,23 | 3 427,03 |
| II | 7 | 3 426,95 | 3 498,24 | 3 570,98 | 3 645,25 | 3 721,10 | 3 798,48 | 3 877,47 |
| | 6 | 3 028,79 | 3 091,76 | 3 156,08 | 3 221,72 | 3 288,72 | 3 357,13 | 3 426,95 |
| | 5 | 2 676,85 | 2 732,52 | 2 789,36 | 2 847,38 | 2 906,59 | 2 967,06 | 3 028,79 |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 4 | 2 365,82 | 2 415,03 | 2 465,27 | 2 516,55 | 2 568,88 | 2 622,31 | 2 676,85 |
| I | 3 | 2 914,51 | 2 974,99 | 3 036,75 | 3 099,76 | 3 164,08 | 3 229,76 | 3 296,81 |
| | 2 | 2 576,55 | 2 630,02 | 2 684,61 | 2 740,32 | 2 797,20 | 2 855,26 | 2 914,51 |
| | 1 | 2 277,79 | 2 325,07 | 2 373,31 | 2 422,56 | 2 472,85 | 2 524,17 | 2 576,55 |

12. Méid na híosteorann le haghaidh an liúntais aistrithe tí dá dtagraítear in Airteagal 94 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais, is infheidhme ón 1 Iúil 2022:

— EUR 1 033,84 i gcás seirbhíseach atá i dteideal an liúntais teaghlaigh;

— EUR 612,96 i gcás seirbhíseach nach bhfuil i dteideal an liúntais teaghlaigh a fháil.

13.1. Méid na híosteorann agus na huasteorann le haghaidh an liúntais dífhostaíochta dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 96(3) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais, is infheidhme ón 1 Iúil 2022:

— EUR 1 236,30 (an íosteorainn);

— EUR 2 472,57 (an uasteorainn).

13.2 Is é EUR 1 123,91 méid an liúntais chaighdeánaigh dá dtagraítear in Airteagal 96(7) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais is infheidhme ón 1 Iúil 2022.

13.3 Méid na híosteorann agus na huasteorann le haghaidh an liúntais dífhostaíochta dá dtagraítear in Airteagal 136 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais, is infheidhme ón 1 Iúil 2022:

— EUR 1 087,66 (an íosteorainn);

— EUR 2 559,24 (an uasteorainn).

14. Méid na liúntas le haghaidh sealobair a leagtar síos sa chéad fhomhír d'Airteagal 1(1) de Rialachán (CEGC, CEE, Euratom) Uimh. 300/76 ón gComhairle [2]:

— EUR 471,12;

— EUR 711,08;

— EUR 777,48;

— EUR 1 059,95.

15. Comhéifeacht is infheidhme ón 1 Iúil 2022 maidir leis na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 260/68 ón gComhairle [3] - 6,8007.

16. Tábla na méideanna dá bhforáiltear in Airteagal 8(2) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, is infheidhme ón 1 Iúil 2022:

| 1.7.2022 | CÉIMEANNA | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| GRÁID | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 |
| 16 | 20 856,62 | 21 733,04 | 22 646,29 | | | | | |
| 15 | 18 433,77 | 19 208,39 | 20 015,53 | 20 572,40 | 20 856,62 | 21 733,04 | | |

(2) Rialachán (CEGC, CEE, Euratom) Uimh. 300/76 ón gComhairle an 9 Feabhra 1976 lena gcinntear na catagóirí oifigeach atá i dteideal liúntas i leith sealoibre, agus na rátaí agus coinníollacha lena mbaineann (IO L 38, 13.2.1976, lch. 1). Rialachán mar a fhorlíontar le Rialachán (Euratom, CEGC, CEE) Uimh. 1307/87 (IO L 124, 13.5.1987, lch. 6).

(3) Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 260/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos na coinníollacha agus an nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm na cánach chun sochar na gComhphobal Eorpach (IO L 56, 4.3.1968, lch. 8).

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 14 | 16 292,34 | 16 976,99 | 17 690,38 | 18 182,55 | 18 433,77 | 19 208,39 | 20 015,53 | 20 856,62 |
| 13 | 14 399,73 | 15 004,82 | 15 635,33 | 16 070,35 | 16 292,34 | | | |
| 12 | 12 726,95 | 13 261,75 | 13 819,04 | 14 203,49 | 14 399,73 | 15 004,82 | 15 635,33 | 16 292,34 |
| 11 | 11 248,49 | 11 721,16 | 12 213,70 | 12 553,51 | 12 726,95 | 13 261,75 | 13 819,04 | 14 399,73 |
| 10 | 9 941,81 | 10 359,56 | 10 794,90 | 11 095,21 | 11 248,49 | 11 721,16 | 12 213,70 | 12 726,95 |
| 9 | 8 786,88 | 9 156,12 | 9 540,89 | 9 806,31 | 9 941,81 | | | |
| 8 | 7 766,14 | 8 092,48 | 8 432,53 | 8 667,15 | 8 786,88 | 9 156,12 | 9 540,89 | 9 941,81 |
| 7 | 6 863,97 | 7 152,41 | 7 452,95 | 7 660,31 | 7 766,14 | 8 092,48 | 8 432,53 | 8 786,88 |
| 6 | 6 066,59 | 6 321,53 | 6 587,16 | 6 770,43 | 6 863,97 | 7 152,41 | 7 452,95 | 7 766,14 |
| 5 | 5 361,87 | 5 587,18 | 5 821,96 | 5 983,94 | 6 066,59 | 6 321,53 | 6 587,16 | 6 863,97 |
| 4 | 4 739,00 | 4 938,12 | 5 145,63 | 5 288,80 | 5 361,87 | 5 587,18 | 5 821,96 | 6 066,59 |
| 3 | 4 188,45 | 4 364,48 | 4 547,89 | 4 674,40 | 4 739,00 | 4 938,12 | 5 145,63 | 5 361,87 |
| 2 | 3 701,91 | 3 857,46 | 4 019,56 | 4 131,40 | 4 188,45 | 4 364,48 | 4 547,89 | 4 739,00 |
| 1 | 3 271,87 | 3 409,35 | 3 552,61 | 3 651,48 | 3 701,91 | | | |

17. Méid is infheidhme ón 1 Iúil 2022 an liúntais sheasta a luaitear in Airteagal 4a a bhí ann roimhe seo d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, a bhí i bhfeidhm roimh an 1 Bealtaine 2004, a úsáidtear chun Airteagal 18(1) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne a chur i bhfeidhm:

— EUR 162,53 sa mhí d'oifigigh de Ghrád C4 nó C5;

— EUR 249,19 sa mhí d'oifigigh de Ghrád C1, C2 nó C3.

18. Tábla ina bhfuil méideanna scála na mbuntuarastal dá bhforáiltear in Airteagal 133 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais, is infheidhme ón 1 Iúil 2022:

| Grád | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Buntuarastal lán-aimseartha | 2 071,92 | 2 413,79 | 2 617,04 | 2 837,43 | 3 076,35 | 3 335,44 | 3 616,32 |
| Grád | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 |
| Buntuarastal lán-aimseartha | 3 920,88 | 4 251,04 | 4 609,01 | 4 997,14 | 5 417,97 | 5 874,21 | 6 368,88 |
| Grád | 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | | |
| Buntuarastal lán-aimseartha | 6 905,20 | 7 486,70 | 8 117,17 | 8 800,70 | 9 541,84 | | |

19. Maidir leis na baill foirne a ainmníodh sa Bhulgáir, sa Danmhairg, san Eastóin, sa Spáinn, sa Chróit, san Iodáil (Varese), sa Chipir, san Ungáir, sa Pholainn, sa Rómáin, sa tSlóvaic agus sa tSualainn le linn na tréimhse tagartha, ba cheart na tagairtí go léir don 1 Iúil 2022 i bpointí 1 go 18 thuas a léamh mar thagairtí don 16 Bealtaine 2022 i gcomhréir le hAirteagal 8(2)(a) d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

20. Maidir leis na baill foirne a ainmníodh sa tSeicia, sa Ghréig, sa Laitvia, sa Liotuáin agus sa Phortaingéil le linn na tréimhse tagartha, ba cheart na tagairtí go léir don 1 Iúil 2022 i bpointí 1 go 18 thuas a léamh mar thagairtí don 1 Bealtaine 2022 i gcomhréir le hAirteagal 8(2)(b) d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

21. Maidir le pinsinéirí a bhí ag cur fúthu sa Bhulgáir, sa Danmhairg, san Eastóin, in Éirinn, sa Ghréig, san Ungáir, sa Chróit, sa Pholainn, sa Phortaingéil, sa Rómáin, agus sa tSualainn le linn na tréimhse tagartha, ba cheart na tagairtí go léir don 1 Iúil 2022 i bpointí 1 go 18 thuas a léamh mar thagairtí don 16 Bealtaine 2022 i gcomhréir le hAirteagal 8(2)(a) d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

22. Maidir le pinsinéirí a bhí ag cur fúthu sa tSeicia, sa Laitvia, sa Liotuáin agus sa tSlóvaic le linn na tréimhse tagartha, ba cheart na tagairtí go léir don 1 Iúil 2022 i bpointí 1 go 18 thuas a léamh mar thagairtí don 1 Bealtaine 2022 i gcomhréir le hAirteagal 8(2)(b) d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

**Nuashonrú bliantúil ar na hualuithe (comhéifeachtaí ceartúcháin) is infheidhme maidir le luach saothair oifigigh, bhaill foirne shealadacha agus bhaill foirne chonarthacha an Aontais Eorpaigh ar seirbhís i dtríú tíortha** ([1])

(2022/C 474/11)

| Tír | Paireacht eacnamaíoch Iúil 2022 | Ráta malairte Iúil 2022 (*) | Ualú Iúil 2022 (**) |
|---|---|---|---|
| An Afganastáin (***) | | | |
| An Albáin | 68,08 | 119,410 | 57,0 |
| An Ailgéir | 93,80 | 153,500 | 61,1 |
| Angóla | 872,8 | 452,977 | 192,7 |
| An Airgintín | 112,9 | 130,663 | 86,4 |
| An Airméin | 510,7 | 430,540 | 118,6 |
| An Astráil | 1,634 | 1,52560 | 107,1 |
| An Asarbaiseáin | 1,825 | 1,78789 | 102,1 |
| An Bhanglaidéis | 83,59 | 97,7555 | 85,5 |
| Barbadós | 2,603 | 2,10791 | 123,5 |
| An Bhealarúis | 2,179 | 3,58200 | 60,8 |
| Beinin | 635,1 | 655,957 | 96,8 |
| An Bholaiv | 5,907 | 7,26725 | 81,3 |
| An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin | 1,167 | 1,95583 | 59,7 |
| An Bhotsuáin | 9,312 | 12,8866 | 72,3 |
| An Bhrasaíl | 5,159 | 5,51630 | 93,5 |
| Buircíne Fasó | 595,4 | 655,957 | 90,8 |
| An Bhurúin | 2 118 | 2 142,91 | 98,8 |
| An Chambóid | 4 098 | 4 298,50 | 95,3 |
| Camarún | 585,5 | 655,957 | 89,3 |
| Ceanada | 1,455 | 1,35130 | 107,7 |
| Cabo Verde | 75,85 | 110,265 | 68,8 |
| Poblacht na hAfraice Láir | 669,4 | 655,957 | 102,0 |
| Sead | 617,1 | 655,957 | 94,1 |
| An tSile | 654,6 | 958,614 | 68,3 |
| An tSín | 6,157 | 7,03820 | 87,5 |

([1]) Tuarascáil Eurostat an 28 Deireadh Fómhair 2022 maidir le nuashonrú bliantúil 2022 ar luach saothair agus pinsin oifigigh an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagail 64 agus 65 agus Iarscríbhinn XI de na Rialacháin Foirne is infheidhme maidir le hoifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, nuashonrú lena ndéantar luach saothair na mball foirne gníomhach agus pinsin na mball foirne ar scor a choigeartú le héifeacht ón 1 Iúil 2022, agus lena dtugtar cothrom le dáta na comhéifeachtaí ceartúcháin a chuirtear i bhfeidhm maidir le luach saothair na mball foirne gníomhach ar seirbhís i stáisiúin dualgais laistigh den Aontas agus lasmuigh de, maidir le pinsin na mball foirne ar scor de réir a dtír cónaithe, agus maidir le haistrithe pinsin, le héifeacht ón 1 Iúil 2022 (Ares(2022) 7485371).
Tá tuilleadh faisnéise maidir leis an modheolaíocht ar fáil ar shuíomh gréasáin Eurostat ("Statistics Database" > "Economy and finance" > "Prices" > "Correction coefficients")

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Cholóim | 3 082 | 4 343,38 | 71,0 |
| An Congó | 714,7 | 655,957 | 109,0 |
| Cósta Ríce | 586,1 | 725,326 | 80,8 |
| Cúba (*) | 1,261 | 1,05170 | 119,9 |
| Poblacht Dhaonlathach an Chongó | 2934 | 2 119,50 | 138,4 |
| Djibouti | 214,2 | 187,203 | 114,4 |
| An Phoblacht Dhoiminiceach | 46,43 | 57,6144 | 80,6 |
| Eacuadór (*) | 0,938 | 1,05170 | 89,2 |
| An Éigipt | 14,8 | 19,7916 | 74,8 |
| An tSalvadóir (*) | 0,8715 | 1,05170 | 82,9 |
| An Eiritré | 17,49 | 15,7755 | 110,9 |
| Eswatini | 11,10 | 16,9295 | 65,6 |
| An Aetóip | 42,10 | 55,5546 | 75,8 |
| Fidsí | 1,677 | 2,32883 | 72,0 |
| An Ghabúin | 696,1 | 655,957 | 106,1 |
| An Ghaimbia | 56,43 | 58,0200 | 97,3 |
| An tSeoirsia | 2,571 | 3,09540 | 83,1 |
| Gána | 7,019 | 7,61620 | 92,2 |
| An Ghraonlainn | 8,598 | 7,43920 | 115,6 |
| Guatamala | 8,420 | 8,16098 | 103,2 |
| An Ghuine | 11 607 | 9 076,32 | 127,9 |
| Guine Bissau | 460,7 | 655,957 | 70,2 |
| An Ghuáin | 212,6 | 220,180 | 96,6 |
| Háítí | 117,5 | 119,499 | 98,3 |
| Hondúras | 23,26 | 25,6586 | 90,7 |
| Hong Cong | 9,922 | 8,25320 | 120,2 |
| An Íoslainn | 187,9 | 139,900 | 134,3 |
| An India | 82,22 | 83,0370 | 99,0 |
| An Indinéis | 11 466 | 15 612,6 | 73,4 |
| An Iaráin | 100 442 | 44 171,4 | 227,4 |
| An Iaráic (***) | | | |
| Iosrael | 4,208 | 3,63440 | 115,8 |
| An Cósta Eabhair | 572,1 | 655,957 | 87,2 |
| Iamáice | 178,9 | 159,461 | 112,2 |
| An tSeapáin | 133,1 | 143,530 | 92,7 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Iordáin | 0,7095 | 0,74566 | 95,2 |
| An Chasacstáin | 384,4 | 496,940 | 77,4 |
| An Chéinia | 125,6 | 123,735 | 101,5 |
| An Chosaiv | 0,5623 | 1 | 56,2 |
| Cuáit | 0,2979 | 0,32214 | 92,5 |
| An Chirgeastáin | 74,41 | 83,6105 | 89,0 |
| Laos | 9 551 | 15 763,8 | 60,6 |
| An Liobáin (***) | | | |
| Leosóta | 10,80 | 16,9295 | 63,8 |
| An Libéir | 225,4 | 160,478 | 140,5 |
| An Libia (***) | | | |
| Madagascar | 3 700 | 4 254,16 | 87,0 |
| An Mhaláiv | 746,6 | 1 079,01 | 69,2 |
| An Mhalaeisia | 3,843 | 4,62720 | 83,1 |
| Mailí | 607,6 | 655,957 | 92,6 |
| An Mháratáin | 31,62 | 37,8648 | 83,5 |
| Oileán Mhuirís | 36,31 | 47,3136 | 76,7 |
| Meicsiceo | 14,34 | 21,1375 | 67,8 |
| An Mholdóiv | 16,13 | 20,2534 | 79,6 |
| An Mhongóil | 2 362 | 3 293,69 | 71,7 |
| Montainéagró | 0,6066 | 1 | 60,7 |
| Maracó | 8,507 | 10,6027 | 80,2 |
| Mósaimbíc | 75,60 | 67,5700 | 111,9 |
| Maenmar | 1 428 | 1 945,65 | 73,4 |
| An Namaib | 13,14 | 16,9295 | 77,6 |
| Neipeal | 95,19 | 132,330 | 71,9 |
| An Nua-Chaladóin | 115,7 | 119,332 | 97,0 |
| An Nua-Shéalainn | 1,441 | 1,68710 | 85,4 |
| Nicearagua | 34,03 | 37,7087 | 90,2 |
| An Nígir | 501,8 | 655,957 | 76,5 |
| An Nigéir | 397,3 | 441,345 | 90,0 |
| An Mhacadóin Thuaidh | 30,81 | 61,6950 | 49,9 |
| An Iorua | 13,26 | 10,3065 | 128,7 |
| An Phacastáin | 149,1 | 218,700 | 68,2 |
| Panama (*) | 1,156 | 1,05170 | 109,9 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Nua-Ghuine Phapua | 3,847 | 3,70317 | 103,9 |
| Paragua | 5007 | 7 213,66 | 69,4 |
| Peiriú | 3,684 | 3,97963 | 92,6 |
| Na hOileáin Fhilipíneacha | 50,98 | 57,7730 | 88,2 |
| Catar | 4,379 | 3,82819 | 114,4 |
| An Rúis | 84,07 | 53,8580 | 156,1 |
| Ruanda | 950,9 | 1 081,71 | 87,9 |
| São Tomé agus Príncipe | 24,37 | 24,5000 | 99,5 |
| An Araib Shádach | 3,863 | 3,94388 | 97,9 |
| An tSeineagáil | 552,3 | 655,957 | 84,2 |
| An tSeirbia | 73,76 | 117,429 | 62,8 |
| Siarra Leon | 13 593 | 13 833,2 | 98,3 |
| Singeapór | 1,711 | 1,46070 | 117,1 |
| An tSomáil (***) | | | |
| An Afraic Theas | 11,25 | 16,9295 | 66,5 |
| An Chóiré Theas | 1 229 | 1 364,02 | 90,1 |
| An tSúdáin Theas | 256,3 | 521,049 | 49,2 |
| Srí Lanca | 230,4 | 382,425 | 60,2 |
| An tSúdáin (***) | | | |
| An Eilvéis (Beirn) | 1,343 | 1,00050 | 134,2 |
| An Eilvéis (an Ghinéiv) | 1,343 | 1,00050 | 134,2 |
| An tSiria (***) | | | |
| An Téaváin | 26,41 | 31,1691 | 84,7 |
| An Táidsíceastáin | 8,512 | 11,1115 | 76,6 |
| An Tansáin | 2 494 | 2 431,71 | 102,6 |
| An Téalainn | 26,64 | 36,9250 | 72,1 |
| Tíomór Thoir (*) | 0,8645 | 1,05170 | 82,2 |
| Tóga | 627,6 | 655,957 | 95,7 |
| Oileán na Tríonóide agus Tobága | 7,319 | 7,26330 | 100,8 |
| An Túinéis | 2,405 | 3,22400 | 74,6 |
| An Tuirc | 7,340 | 17,4998 | 41,9 |
| An Tuircméanastáin | 5,079 | 3,68095 | 138,0 |
| Uganda | 2 956 | 3 984,18 | 74,2 |
| An Úcráin | 26,62 | 30,7674 | 86,5 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | 3,625 | 3,86200 | 93,9 |
| An Ríocht Aontaithe | 0,9421 | 0,86461 | 109,0 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá (Nua Eabhrac) | 1,195 | 1,05170 | 113,6 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá (San Francisco) | 1,099 | 1,05170 | 104,5 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá (Washington) | 1,099 | 1,05170 | 104,5 |
| Uragua | 40,14 | 41,5190 | 96,7 |
| An Úisbéiceastáin | 8 342 | 11 383,1 | 73,3 |
| Veiniséala (***) | | | |
| Vítneam | 18 459 | 24 441,5 | 75,5 |
| An Bruach Thiar — Stráice Gaza | 4,208 | 3,63440 | 115,8 |
| Éimin (***) | | | |
| An tSaimbia | 16,72 | 18,0940 | 92,4 |
| An tSiombáib (***) | | | |

(*) 1 EURO = x aonad d'airgeadra áitiúil (USD le haghaidh Cúba, Eacuadór, an tSalvadóir, Panama, Tíomór Thoir)
(**) An Bhruiséil agus Lucsamburg = 100
(***) Níl sé ar fáil mar gheall ar éagobhsaíocht áitiúil nó sonraí neamhiontaofa

**Nuashonrú eatramhach na n-ualuithe (comhéifeachtaí ceartúcháin) is infheidhme maidir le luach saothair oifigeach, bhaill foirne shealadacha agus bhaill foirne chonarthacha an Aontais Eorpaigh atá ag fónamh i dtríú tíortha** [1]

(2022/C 474/12)

FEABHRA 2022

| Tír | Paireacht Eacnamaíoch Feabhra 2022 | Ráta malairte Feabhra 2022 * | Ualú Feabhra 2022 ** |
|---|---|---|---|
| Poblacht na hAfraice Láir | 693,0 | 655,957 | 105,6 |
| An Ailgéir | 96,76 | 158,249 | 61,1 |
| Srí Lanca | 168,9 | 228,258 | 74,0 |
| An Tuirc | 5,970 | 15,1424 | 39,4 |
| Háítí | 112,9 | 113,097 | 99,8 |
| An Mholdóiv | 15,54 | 20,2731 | 76,7 |
| An tSúdáin Theas | 239,0 | 482,766 | 49,5 |

* 1 EURO = x aonad d’airgeadra áitiúil, cé is moite de USD i gcás: Níl ann sa tábla thuas
** An Bhruiséil agus Lucsamburg = 100

MÁRTA 2022

| Tír | Paireacht Eacnamaíoch Márta 2022 | Ráta malairte Márta 2022 * | Ualú Márta 2022 ** |
|---|---|---|---|
| Ruanda | 862,0 | 1 149,90 | 75,0 |
| Mósaimbíc | 71,95 | 72,4150 | 99,4 |
| Mailí | 584,6 | 655,957 | 89,1 |
| An Cholóim | 2 861 | 4 404,80 | 65,0 |

* 1 EURO = x aonad d’airgeadra áitiúil, cé is moite de USD i gcás: Níl ann sa tábla thuas
** An Bhruiséil agus Lucsamburg = 100

AIBREÁN 2022

| Tír | Paireacht Eacnamaíoch Aibreán 2022 | Ráta malairte Aibreán 2022 * | Ualú Aibreán 2022 ** |
|---|---|---|---|
| An Bhrasaíl | 4,802 | 5,28080 | 90,9 |
| Siarra Leon | 12 756 | 13 195,4 | 96,7 |
| An Aetóip | 40,84 | 56,6299 | 72,1 |

[1] Tuarascáil Eurostat an 3 Samhain 2022 maidir le nuashonrú eatramhach ar na hualuithe (comhéifeachtaí ceartúcháin) is infheidhme maidir le luach saothair oifigeach, bhaill foirne shealadacha agus bhaill foirne chonarthacha an Aontais Eorpaigh ar seirbhís i dToscaireachtaí lasmuigh den Aontas i gcomhréir le hAirteagal 64 agus Iarscríbhinn X agus Iarscríbhinn XI de na Rialacháin Foirne is infheidhme maidir le hoifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh (Ares(2022)7594855).
Tá tuilleadh faisnéise maidir leis an modheolaíocht ar fáil ar shuíomh gréasáin Eurostat (“Statistics Database” > “Economy and finance” > “Prices” > “Correction coefficients”)

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Bhurúin | 2 116 | 2 211,60 | 95,7 |
| Gána | 6,321 | 7,81335 | 80,9 |
| Srí Lanca | 182,1 | 324,247 | 56,2 |
| An Tuirc | 6,384 | 16,3296 | 39,1 |
| An Rúis | 82,85 | 96,0085 | 86,3 |
| Cúba | 1,190 | 1,11260 | 107,0 |
| An tSalvadóir | 0,8273 | 1,11260 | 74,4 |
| An tSúdáin Theas | 264,7 | 477,775 | 55,4 |
| An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin | 1,166 | 1,95583 | 59,6 |
| Maenmar | 1 403 | 1 975,98 | 71,0 |

* 1 EURO = x aonad d'airgeadra áitiúil, cé is moite de USD i gcás: Cúba, an tSalvadóir
** An Bhruiséil agus Lucsamburg = 100

BEALTAINE 2022

| Tír | Paireacht Eacnamaíoch Bealtaine 2022 | Ráta malairte Bealtaine 2022 * | Ualú Bealtaine 2022 ** |
|---|---|---|---|
| Uganda | 2 892 | 3 800,80 | 76,1 |
| Ruanda | 912,2 | 1 086,62 | 83,9 |
| An Bhotsuáin | 8,948 | 12,8535 | 69,6 |
| Gána | 6,667 | 7,58150 | 87,9 |
| Oileán na Tríonóide agus Tobága | 7,246 | 7,47185 | 97,0 |
| Srí Lanca | 200,5 | 359,779 | 55,7 |
| An Tuirc | 6,718 | 15,5362 | 43,2 |
| An Airgintín | 106,7 | 120,420 | 88,6 |
| An Ghuine | 11 126 | 9 354,39 | 118,9 |
| Iamáice | 172,1 | 165,329 | 104,1 |
| Panama | 1,146 | 1,04850 | 109,3 |
| Paragua | 4 890 | 7 168,07 | 68,2 |
| An tSúdáin Theas | 282,8 | 450,738 | 62,7 |

* 1 EURO = x aonad d'airgeadra áitiúil, cé is moite de USD i gcás: Panama
** An Bhruiséil agus Lucsamburg = 100

MEITHEAMH 2022

| Tír | Paireacht Eacnamaíoch Meitheamh 2022 | Ráta malairte Meitheamh 2022 * | Ualú Meitheamh 2022 ** |
|---|---|---|---|
| An Tansáin | 2 495 | 2 463,43 | 101,3 |
| Eswatini | 10,98 | 16,6480 | 66,0 |
| An Chéinia | 125,2 | 123,869 | 101,1 |
| An Ghuáin | 209,0 | 223,085 | 93,7 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Phacastáin | 148,5 | 213,970 | 69,4 |
| Srí Lanca | 222,2 | 384,892 | 57,7 |
| An India | 82,10 | 83,4750 | 98,4 |
| An Mháratáin | 31,29 | 38,2667 | 81,8 |
| An Cholóim | 3 032 | 4 294,66 | 70,6 |
| Cúba | 1,252 | 1,07640 | 116,3 |
| An Iaráin | 98 909 | 45 208,8 | 218,8 |

* 1 EURO = x aonad d'airgeadra áitiúil, cé is moite de USD i gcás: Cúba
** An Bhruiséil agus Lucsamburg = 100

# AN CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ

**Tuarascáil speisialta 27/2022::**
**"Tacaíocht AE do chomhar trasteorann le tíortha comharsanacha – Tacaíocht luachmhar, ach bhí cur chun feidhme an-mhall ag tosú agus ní foláir aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sa chomhordú"**

(2022/C 474/13)

D'fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a Tuarascáil speisialta 27/2022: "Tacaíocht AE do chomhar trasteorann le tíortha comharsanacha – Tacaíocht luachmhar, ach bhí cur chun feidhme an-mhall ag tosú agus ní foláir aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sa chomhordú".

Más maith leat an tuarascáil a léamh nó a íoslódáil, is féidir é sin a dhéanamh ag suíomh gréasáin Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: https://www.eca.europa.eu/ga/Pages/DocItem.aspx?did=62741

V

*(Fógairtí)*

## NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

### Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

### (Cás M.10903 – CIRCLE K / SCHIBSTED / ELTON MOBILITY)

### Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 474/14)

1. An 6 Nollaig 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— AS Schibsted Norge ("Schibsted"), arna rialú ag ASA Schibsted (an Iorua, an dá cheann díobh),

— AS Circle K ("Circle K", an Iorua), arna rialú ag Alimentation Couche Tard ("ACT", Ceanada),

— AS Elton Mobility ("Elton", an Iorua).

De réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, gheobhaidh Schibsted agus Circle K rialú comhpháirteach ar Elton atá faoi rialú aonair Schibsted faoi láthair.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Schibsted agus ASA Schibsted gníomhach i seirbhísí meán nuachta, margaí, gnólachtaí nuathionscanta agus fiontair infheistíochta eile agus seirbhísí airgeadais, go príomha sna tíortha Nordacha agus i dtíortha eile LEE.

— Tá Circle K gníomhach mar oibreoir siopaí áise agus miondíoltóir breosla agus mar oibreoir stáisiún luchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha, agus tá a phríomhoibríochtaí sna tíortha Nordacha agus sa Pholainn. Tá ACT gníomhach ar fud an domhain, agus tá sé lonnaithe in Laval, Ceanada.

— Tá Elton gníomhach i soláthar seirbhísí luchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha, go príomha san Iorua, sa tSualainn agus sa Danmhairg. Tá a chuid seirbhísí ar fáil san Fhionlainn freisin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10903 – CIRCLE K / SCHIBSTED / ELTON MOBILITY

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

an Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

# GNÍOMHARTHA EILE

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí**

(2022/C 474/15)

Leis an bhfoilseachán seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilseacháin seo.

DOICIMÉAD AONAIR

**“Kangra tea”**

**Uimh. AE: PGI-IN-672 – 25.1.2008**

**STFC ( ) TGFC (X)**

1. **Ainm nó ainmneacha [STFC nó TGFC]**

“Kangra tea”

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An India

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-earra**

3.1. ***An cineál táirge***

Aicme 1.8 – táirgí eile atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (Spíosraí, etc.)

3.2. ***Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)***

Cineál tae is ea “Kangra tea” a fhaightear ó dhuilleoga, bachlóga agus gais bhoga an speicis *Camellia sinensis* mar a shaothraítear i ngleann Kangra (Himachal Pradesh, an India).

I gcomhthéacs an iarratais seo, ba cheart Gleann Kangra a thuiscint mar an limistéar a shainmhínítear i bpointe 4. den iarratas seo.

Is iad seo a leanas príomhshaintréithe na nduilleog in “Kangra tea”:

— fráma ilghasach,

— duilleoga caola.

Déantar “Kangra tea” a chur ó shíolstoc a fhástar i ngleann Kangra agus ó chineálacha roghnaithe eile le haghaidh an réigiúin.

Tá cumhrachtaí ar leith in “Kangra tea” — tá blas cnónna, glasluibhe, blas bláthach an adhmaid ina phróifíl bhlais. Tugann “Kangra tea” iarbhlas milis.

Tá dath éadrom ar “Kangra tea” agus tá téagar san uisce.

Tá suas le 13 % caitéicíní agus suas le 3 % caiféin agus aimíonaigéid amhail taeinín, glútaimín, agus tripteafan. i nduilleoga “Kangra tea”.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

An cion iomlán d'fheanólach i raon idir 198-230 mg/gm.

Frithocsaídeoirí iomlána i raon idir 196-223 mg/gm.

Is iad na cineálacha taenna a tháirgtear i nGleann Kangra ná tae glas, oolong, tae geal agus tae dubh traidisiúnta.

Is mar a leanas atá na gráid éagsúla de "Kangra tea":

— "Kangra tea" den chineál dubh traidisiúnta:

  — SFTGFOP: Sármhín Biorach Órga Bláthach Péiceo Oráisteach

  — FTFGOP: Mín Biorach Órga Bláthach Péiceo Oráisteach

  — TGFOP: Biorach Órga Bláthach Péiceo Oráisteach.

  — GFOP: Órga Bláthach Péiceo Oráisteach

  — GOF: Gráinníní Oráiste Órga

  — FOF: Gráinníní Oráiste Bláthacha

Grád slánduilleach is ea "OP" a shonraítear a thuilleadh de réir speisialtacht an tae amhail go mbeidh dea-bholadh bláthach ar "FOP".

Grád slánduilleach is ea "TGFOP" le go leor bioranna órga. Táirgtear na bioranna órga nuair a dhéantar cluimhriú cúramach do rinnbhachlóga éadroma (duilleoga gan oscailt) agus iad monaraithe go cúramach chun tae "Biorach Órga Bláthach Péiceo Oráisteach" (TGFOP) a dhéanamh díobh.

Is taenna éadroma iad na gráinníní tae agus tugtar tuairisc orthu ag brath ar an gcuma nó ar an mboladh amhail GOF nó FOF faoi seach.

— "Kangra tea" den chineál oolong:

Ullmhaítear tae oolong trí einsím pháirteach de phéacáin bhoga tae a dhíghníomhachtú.

— "Kangra tea" den chineál geal:

Ullmhaítear tae geal ó rinnbhachlóga tae ar a dtugtar tae biorach airgid go ginearálta.

— "Kangra tea" den chineál glas:

  — Tae slánduilleach: Lachha (LACHHA), Young Hyson (YH) agus Fine Young Hyson (FYH)

  — Mionaithe: Mongra (MONGRA), Mashdana (MASHDANA), Gun Powder (GP), Hyson (H) agus Fine Hyson (FH)

  — Gráinnín tae: Soumee (SOUMEE), Twanky (TWANKY)

  — Deannach: Deannach (DUST)

Fine Young Hyson is ea iad na gráid slánduilleacha a dhéantar ó phéacáin a chluimhrítear go héadrom de láimh.

Ní grád mionaithe é gun powder, is é an mhais bheag tae é cosúil le liathróid a chruthaítear le linn rollta nuair a thagann beagán péacán le chéile i gceirtleán. Déantar é seo a spíonadh amach go réidh ansin chun tae a fháil a aithnítear mar "gun powder".

Is taenna éadroma iad na gráinníní tae freisin.

Is ionann deannach agus taenna a ghabhann trí chriathar de mhéid mhogaill 20 Uimh.

3.3. ***Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)***

Baintear "Kangra tea" go heisiach ó dhuilleoga, bachlóga, agus gais bhoga plandaí tae den chineál luibheolaíoch *Camellia sinensis* a fhástar i limistéar Kangra mar a shainmhínítear i gcuid 4 den doiciméad seo.

Forchuirtear srianta den sórt sin maidir leis na cineálacha tae a údaraítear le "Kangra tea" a tháirgeadh chun sláine táirge a choinneáil, atá táirgthe go leanúnach le blianta fada i réigiún Kangra.

3.4. ***Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór dóibh tarlú sa limistéar geografach sainithe***

Is iad curaíocht, buaint agus próiseáil an tae na trí chéim ba cheart a dhéanamh sa limistéar tagartha.

3.5. ***Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe***

—

3.6. ***Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe***

Is don tomhaltóir deiridh atá an lipéadú grádaithe beartaithe, scríobhfar na gráid ar Phaicéid Tae, ionas gur féidir le tomhaltóirí idirdhealú a dhéanamh idir caighdeáin éagsúla de "Kangra tea".

Bainfear úsáid as na gráid de "Kangra tea" ar a dtugtar tuairisc faoi phointe 3.2 ar phacáistíocht chomh maith le lógó "Kangra tea".

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Déantar "Kangra tea" a tháirgeadh i roinnt limistéar atá suite ar fhánaí shliabhraonta Dhauladhar sna Himiléithe Thiar. Is iad seo a leanas na limistéir sin:

— Palampur, Baijnath, Kangra, Dharmsala i gceantar Kangra,

— Jogindernagar i gceantar Mandi agus

— Bhatiyat i gceantar Chamba.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an iarraidh maidir le clárú "Kangra tea" TGFC bunaithe ar shaintréithe an táirge agus a cháilíocht.

5.1. ***Sainiúlacht an limistéir gheografaigh***

I limistéar Kangra, mar a shainmhínítear san iarratas seo, tá na dálaí geografacha an-sonrach ann atá i sliabhraonta Dhauladhar a bhíonn cumhdaithe le brat sneachta sna Himiléithe. Tréith an-sonrach ar fad den limistéar is ea an airde toisc go bhfuil na fáschoillte tae uile lonnaithe laistigh den raon airde idir 900 agus 1 400 m sna sliabhraonta deireanacha.

Titeann lear mór báistí in aghaidh na bliana i limistéar Kangra freisin. Taifeadtar go deimhin gurb iad cathair Dharmshala agus na limistéir thart uirthi an dara limistéar is mó a fhaigheann báisteach i ndiaidh Mawsynram i stát Meghalaya san India. Titeann idir 270-350 cm báistí in aghaidh na bliana ar an meán ar shléibhte Dharmshala.

Déantar "Kangra tea" a tháirgeadh trí mhonarú traidisiúnta slánduilleach d'éifeachtúlacht ard, rud a chiallaíonn gurb ionann "Kangra tea" agus duilleoga slánduilleacha le blas saibhrithe ina bhfuil an cion is airde polaifeanóil (caitéicíní).

5.2. ***Sainiúlacht an táirge***

Tá blas ar leith ag "Kangra tea" atá éagsúil ó thaenna eile an domhain. Tá cion ard pioraisín (2.5-démheitilpioraisín, eitilpioraisín, 2-eitil-6-meitilpioraisín) in "Kangra tea" rud a thugann an blas cnónna dó, salaicioláit mheitile agus α-agus β-iainéiní a thugann blas glasluibhe agus blas bláthach an adhmaid dó ina phróifíl bhlais i gcomparáid le taenna eile. Tugann "Kangra tea" iarbhlas milis.

Tá téagar níos mó i "dtaenna Kangra" agus tá dath níos éadroime ar an uisce i gcomparáid le taenna traidisiúnta eile an domhain.

Tá an cóimheas de ghalláit eipeagallacaitéicín i bpróifílí caitéicíní níos airde i dtaenna a fhástar in Kangra, rud a thugann téagar níos mó don uisce. Tá an cion níos airde de ghalláit eipeagallacaitéicín i dtaenna mar gheall ar ionadú geografach na dtaenna.

Thairis sin, rinneadh braisliú ar na cineálacha tae as réigiún Kangra i ngrúpa ar leith mar thoradh ar mhéarlorgaireacht DNA bunaithe ar mharcóirí móilíneacha.

5.3. ***Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó tréithe an táirge (maidir le STFC) nó cáilíocht shonrach an táirge, an cháil atá air nó tréithe eile an táirge (maidir le TGFC)***

Tá an cháilíocht thuasluaite in “Kangra tea” aige mar gheall ar a bhunús geografach i mbunchnoic Himiléithe Dhauladhar Ghleann Kangra. Tá príomhról ag na dálaí geo-aeráide ar leith agus ag riocht aigéadach na hithreach ag a bhfuil raon pH 4-5,5, rudaí go léir a fhágfaidh go mbeidh duine in ann cupán tae aoibhinn agus éagsúil a dhéanamh.

Bíonn an chaoi a mothaíonn “Kangra tea” go sonrach i do bhéal ag brath ar an gcóimheas de ghalláit eipeagallac-aitéicín i gcaitéicíní, rud atá ard mar gheall ar ionadú geografach réigiún Kangra. Is é ionadú geografach an réigiúin 32,1°N 76,27°E leis an ingearchló 900 go dtí 1 400 m os cionn leibhéal na mara. Bíonn na gairdíní claonta de ghnáth agus pH aigéadach 4-5,5 acu agus faigheann siad idir 270 go 350 cm de bháisteach. Déanann na tosca sin uile difear do tháirgeadh na mór-fhíticheimiceán agus na mion-fhíticheimiceán.

Tarlaíonn forbairt na gcomhdhúl a chruthaíonn blas ar leith agus iarbhlas milis mar gheall ar shintéis chomhdhúile an tae a bhfuil nítrigin iontu agus braitheann sé ar airde an réigiúin 900 go dtí 1 400 méadar os cionn leibhéal na mara le báisteach bhliantúil idir 270 agus 350 cm. Fágann na dálaí aeráide sonracha sin go mbíonn sé níos éasca an blas speisialta agus na comhdhúile saintréitheacha a fhorbairt.

Déantar airíonna “Kangra tea” agus go háirithe cion na gcaitéicíní a choinneáil ar bun le monarú traidisiúnta duilleoige ar éifeachtúlacht ard.

Téann stair “Kangra tea” siar go dtí 1849 le linn ré na Briotanach nuair a d’fhógair an Dr. Jameson, maoirseoir na nGairdíní Tae Luibheolaíocha ag an am go raibh an réigiún oiriúnach go leor le haghaidh tae a shaothrú agus thosaigh sé an chéad táirgeadh tráchtálach ann in 1852. Mar aitheantas ar a shármhaitheas, fuair “Kangra tea” boinn óir agus airgid in 1886 agus 1895 ag coinbhinsiúin idirnáisiúnta a bhí ar siúl i Londain agus in Amstardam.

Tá clú agus cáil ar Ghleann Kangra mar áit ina dtáirgtear taenna d’ardcháilíocht (glas, dubh traidisiúnta, geal agus oolong) le cumhracht ar leith d’iarbhlas milis a fhanann i do bhéal.

**Tagairt d’fhoilsiú na sonraíochta**

—

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA